

# Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh

Imleabhar 1

Uimh 1

Earrach 2007



COURTS SERVICE  
An tSeirbhís Chúirteanna

# Clár Ábhar

<b>Brollach ón</b> an Bhreitheamh Onórach John L. Murray, Príomh-Bhreitheamh na hEireann.....	<b>1</b>
<b>Teachtairacht ón</b> an Bhreitheamh Onórach Catherine McGuinness .....	<b>2</b>
<b>Réamhrá</b> do <i>Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh</i> leis an Dr. Carol Coulter .....	<b>3</b>
<b>Tuairiscí</b>	
Seachtain amháin i gCúirt Teaghlaigh na hArd-Chúirte .....	<b>4</b>
Lá amháin i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath .....	<b>7</b>
Lá amháin i gCúirt Chuarda Chorcaí.....	<b>10</b>
Lá amháin sa Chúirt Chuarda Lár Tíre .....	<b>11</b>
Lá amháin i gCúirt Chuarda an Tuaiscirt .....	<b>14</b>
Cúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath 1 .....	<b>17</b>
Cúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath 2 .....	<b>20</b>
<b>Treochtaí agus Staitisticí</b>	
Mí amháin i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath .....	<b>22</b>
<b>Breithiúnais</b>	
Cúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath.....	<b>29</b>
Cúirt Chuarda Chorcaí.....	<b>30</b>
<b>Tuairimí agus Tionscnaimh</b>	
Agallamh le Emer Darcy .....	<b>33</b>
Comhdháil Cáis le Pat Meghen .....	<b>35</b>
<b>Prótacal</b> um Thuairisciú sa Dlí Teaghlaigh .....	<b>36</b>

## Creidiúintí

Arna chur in eagar le  
Carol Coulter

Arna fho-chur in eagar le  
Therese Caherty

Arna chlóbhualadh le  
Brunswick Press

Is í an tSeirbhís Chúirteanna a fhoilsíonn **Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh**, agus í ar fáil ón Oifig Eolais, An tSeirbhís Chúirteanna, 6ú hUrlár, Teach an Fhionnuisce, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7.

Ar fáil freisin ó láithreán gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna, [www.courts.ie](http://www.courts.ie)

# Faisnéis a sheachadadh agus príobháideacht a chosaint

Níl aon iontas ann gur maith leis an phobal tuilleadh faisnéise ar fheidhmiúchán dlí teaghlaigh, a scríobhann an **Bhreitheamh Onórach John L. Murray, Príomh-Bhreitheamh na hÉireann**.

Is é foilseachán an chéad eagrán seo de *Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh* na chéad thorthaí ó thogra arna gcur i bhfeidhm ag Bord na Seirbhíse Cúirteanna – chun treoirthionscadal a chur ar bun le faisnéis a sholáthair do chleachtóirí dlí, do na meáin chumarsáide, don lucht taighde agus don phobal ar imeachtaí an dlí teaghlaigh, arbh é achtachán an tAcht um Dhlighteas Sibhialta agus Cúirteanna 2004 a chumasaigh é, agus ar cuireadh tús leis ar fhostú an Dr Carol Coulter mar thuarisceoir an dlí teaghlaigh leis an tSeirbhís Chúirteanna i mí Dheireadh Fómhair 2006.

Cé go n-éilítear inár gcóras dlí, faoi réir eisceachtaí dá bhforáiltear sa dlí, go ndéantar an ceartas os comhair an phobail, ba mhínic a tháinig cáineadh aníos i leith eisiamh an phobail agus na meán cumarsáide ó na himeachtaí dlí teaghlaigh faoi riail *in camera*, d’fhonn príobháideacht na dteaghlach lena mbaineann a chosaint. Go deimhin féin, is feasach do na breithiúna iad féin na fadhbanna a bhaineann le heaspa tuairiscí ar imeachtaí dlí teaghlaigh, ach tá siad faoi cheangal na rialacha a bhaineann leis na himeachtaí seo. Mar gheall go mbaineann an dlí teaghlaigh leis na gnéithe is tábhachtaí agus is mó a phléitear i sochaí na hÉireann, lena n-áirítear colscaradh, idirscaradh, foréigean teaghlaigh agus caomhnóireacht agus cúram leanaí, agus go dtéann sé i bhfeidhm ar na mílte daoine gach bliain, ní bhíonn iontas ar bith ann go bhféachtar tuilleadh faisnéise maidir lena chur i bhfeidhm i gcomhthéacs cásanna aonair.

Dá bhrí sin is amhlaidh atá fostú an Dr Coulter chun tuairiscí a dhéanamh ar chásanna dlí teaghlaigh ina fhorbairt dhearfach; ní hamháin go soláthrófar faisnéis do dhaoine atá á cuardach, ach go gcuideoidh sé chun cuid de na cúiseanna inní atá thart ar chur i bhfeidhm an dlí teaghlaigh. Is é sainchúram an Dr Coulter tuairisc a



thabhairt ar bhreithiúnais tábhachtacha na hArd-Chúirte, na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche a phléann leis an dlí teaghlaigh, tiomsú faisnéise staitistiúla a bhaineann le hobair cúirteanna teaghlaigh, faisnéis ar an dlí teaghlaigh a dhreachtú lena riaradh don phobal i gcoitinne. Mar a léiríonn na tuairiscí laistigh de seo, is féidir líon faisnéise ar imeachtaí dlí teaghlaigh atá ar fáil a mhéadú agus príobháideacht na bpáirtithe a chosaint ag an am céanna. Is í an deaslámhacht agus an ghairmiúlacht atá taispeánta ag an Dr Coulter sa ghníomh cothromaíochta seo a spreagann muinín le haghaidh tuairiscí amach anseo.

Is é foilsíú an chéad eagrán seo de *Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh*, trí mhí ó thosaigh an Dr Coulter ar an treoirthionscadal, a léiríonn go soiléir a díograis agus a cumas chun an sainchúram seo a chomhlíonadh. De réir mar a mhéadaíonn a cuid ábhair i ndiaidh tamaill le tuilleadh tuairiscí, féadfaidh obair an Dr Coulter léargas luachmhar a thabhairt do gach duine a bhaineann leis an réimse casta ach tábhachtach seo den dlí. Is ceart í a ardmholadh as a céad thuarisc a dhéanamh ar dhóigh thráthúil ghairmiúil mar a rinne sí.

# Cuirtear an chuid is mó cásanna i gcrích le réitigh chomhaontaithe

Go dtí seo, ní raibh a fhios ag mórán daoine ar ar tharla taobh thiar de dhoirse druidte na gcúirteanna dlí teaghlaigh. Tugann an t-eagrán nua seo léargas luachmhar ar an dóigh ina n-oibríonn siad agus aitheantas na ndlíthithe a chosaint ag an am céanna, scríobhann an **Breitheamh Onórach Catherine McGuinness**

Cuirimse céad fáilte roimh an gcéad eagrán seo de *Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh*. Le tamall fada anuas tá riachtanas forleathan ann d’oscailteacht níos fearr sna cúirteanna dlí teaghlaigh. Bá chéim thábhachtach í cur i bhfeidhm Alt 40.3 den Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna 2004 chun córas tuairiscithe ina mbíonn cothromaíocht idir an riachtanas bheith oscailte agus an riachtanas comhthábhachtach chun príobháideacht agus anaithnideacht a thabhairt do dhlíthithe dlí teaghlaigh.

In imeacht na mblianta ba é an chur i bhfeidhm dian na rialach *in camera*, go háirithe dá bhforáiltear i reachtanna dlí teaghlaigh a achtaíodh ón mbliain 1989 i leith, a raibh cúis le haineolas an phobail ar réalachas dhlíthíocht an dlí teaghlaigh. Bhí cáineadh ann ó dlíthithe aonair agus ó thráchtairí sna meáin chumarsáide ar minic a dtugtar bunbhrí “star chamber” de cúirteanna an dlí teaghlaigh. Tá an chuid is mó den cháineadh seo mí-bhunaithe, ach tá fás air i suíomh ina bhfuil easpa fíorfhaisnéise ann.

Sa chéad eagrán seo cuireann an Dr Carol Coulter faisnéis ar fáil faoi thrí cheannteideal -tuairiscí, treocheartaí agus staitisticí, agus breithiúnais. Tugann na trí cheannteideal uile léargais luachmhara. Tugann a tuairiscí fíorphictiúr d’imeachtaí an dlí teaghlaigh. Díríonn an rannóg um threocheartaí agus staitisticí aird ar an fhíric, i measc rudaí eile, go gcuirtear críoch leis an gcuid is mó cásanna dlí teaghlaigh le socraíochtaí comhaontaithe. Ní hionann an fhíric seo agus an dearcadh atá cumtha ag criticeoirí agus ag tráchtairí go bhfuil cath go bás i ngach aon chás. Tabharfaidh an roinn breithiúnas, a phléann le breithiúnais sa Chúirt Chuarda, faisnéis úsáideach ní hamháin don phobal ach do dhlíodóirí teaghlaigh.



Tús sármaith is ea *Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh* don tionscadal nua ar thuairisciú dlí teaghlaigh. Tá mé cinnte go mbeidh fáilte curtha roimhe ag dlíodóirí teaghlaigh agus ag an bpobal araon. Tá mé ag súil le tuilleadh eagrán.



# Tuairiscí, breithiúnais, treochtaí agus staitisticí

Is leis an **Dr Carol Coulter** an réamhrá do thuarascáil nua na Seirbhíse Cúirteanna ar dhlí teaghlaigh.

Is é seo an chéad eagrán de *Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh*, an tuarascáil dlí teaghlaigh atá foilsithe ag an tSeirbhís Chúirteanna de dhroim Alt 40.3 den Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna 2004. Cheadaigh an tAcht seo maolú na rialach *in camera* i gcásanna dlí teaghlaigh chun cead a thabhairt do líon aicmí daoine chun freastal ar chúirt ina raibh dlí teaghlaigh á éisteacht agus chun tuarascáil a thabhairt ar na himeachtaí. Ba chatagóir amháin é iad gafa leis an tSeirbhís Chúirteanna chun a leithéid de thuiriscí seo a ullmhú.

I ndiaidh tús na reachtaíochta anuraidh, chuaigh an tSeirbhís Chúirteanna ag cuardach iarratas ó dhaoine a raibh suim iontu i seirbhís tuairiscithe ar bhonn píolótach. Roghnaíodh mé chun an treoirthionscadal seo a dhéanamh agus thosaigh mé air i lár mhí Dheireadh Fómhair. Chaith mé an chéad choicís ag bualadh le geallsealbhóirí, ag fáil amach faoi mhodh oibre an chórais, faoin áit a raibh faisnéis istigh sa tSeirbhís Chúirteanna, agus ag déanamh anailíse ar chinntí na Cúirte Cuarda i mBaile Átha Cliath do mhí Dheireadh Fómhair. D’fhreastail mé ar shuí na gcúirteanna i dtrí cinn de dhlínsí.

Is forleathan iad téarmaí tagartha an treoirthionscadail. Bhí an tSeirbhís Chúirteanna ag cuartú duine nó daoine chun faisnéis a chur ar fáil ar “tuairiscí, breithiúnais, treochtaí, agus faisnéis staitistiúil eile” ó na trí dhlínse, is é sin, An Chúirt Dúiche, An Chúirt Chuarda agus na hArd-Chúirteanna. Beidh an fhaisnéis seo le “forleathadh laistigh de na breithiúna, i measc cleachtóirí dlí, go háirithe sa réimse dlí teaghlaigh, agus don phobal go ginearálta.”

Is é an t-eagrán seo an chéad iarracht chun na riachtanais sin a chomhlíonadh. Chuige sin, tá sé roinnte suas i ranna ceanteideal “tuairiscí”, “treochtaí agus staitisticí” agus “breithiúnais”. Is giorra an roinn a phléann le “breithiúnais” mar go mbíonn an chuid is mó cásanna réitithe nó rialaithe le toiliú, nó atá réitithe sula gcuirtear críoch leis an éisteacht, agus mar sin ní bhíonn mórán breithiúnas a bheag nó a mhór.



Rinne mé iarracht mé blas a thabhairt ar a dtarlaíonn go tipiciúil in éisteacht dlí teaghlaigh sa roinn “tuairiscí”. San eagrán seo tá anailís na gcinntí, agus comhthoilithe san áireamh, déanta i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath ar feadh míosa sa roinn “treochtaí agus staitisticí”. Tá barúlacha sa tuairisc seo ó fhoireann na Seirbhíse Cúirteanna atá eolach ar dhlí teaghlaigh. Emer Darcy ó oifig dhlí teaghlaigh Chúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath agus Pat Meghen, cláraitheoir cuntae i Luimneach, atá ag ceannródaíocht chomhdháil cásanna i gcúrsaí dlí teaghlaigh.

Áiteanna ina raibh daoine eile páirteach, tá creidiúint ann. Seachas sin tá na hairteagail uile scríofa agamsa.

Scaipfean an foilseachán seo don lucht dlí agus do na heagraíochtaí atá bainteach ar dhóigheanna éagsúla leis an gcóras dlí teaghlaigh. Cuirfean ar fáil é don phobal ginearálta tríd na meáin chumarsáide, a mbeidh a dtacaíocht de dhíth chun an fhaisnéis atá ann faoin dóigh a n-oibríonn an córas dlí teaghlaigh, agus faoi shuíomh idirlíon na Seirbhíse Cúirteanna [www.courts.ie](http://www.courts.ie) a scaipeadh.

Ní bheidh eagrán sa todhchaí go díreach cosúil leis an gceann seo agus beidh siad bunaithe ar fhaisnéis a choinneoidh mé ag fáil ó éisteachtaí dlí teaghlaigh agus ó scrúduithe taifead de chuid na Seirbhíse Cúirteanna. Glacfaidh mé le barúlacha agus moltaí ó na breithiúna, ó chleachtóirí dlí agus ón bpobal, a bhfuil an tuarascáil seo foilsithe ar a leas.

# Seachtain san Ard-Chúirt Teaghlaigh

## 'Féadfaidh cásanna cosa a fháil agus rith ar feadh laethanta'

*Tá mé buartha go bhfuil dhá áit chónaithe ag na leanaí, a dúirt an breitheamh. An mbeidh praghas maith don teach?*

**B**íonn breithiúnas ón Ard-Chúirt agus ón gCúirt Uachtarach mar cheannlínte nuair a théann breithiúnais dlí teaghlaigh isteach i solas an lae, agus go minic gan iad ag tabhairt fíorphicitúir ar an rud a tharlaíonn sa cheantar de ghnáth. Is minic a bhaineann cásanna Ard-Chúirte le cásanna ina bhfuil achmainní ollmhóra airgeadais ag na páirtithe, as a dtiocfaidh ceannlínte ag tabhairt airde ar na milliúin euro a bhaineann leis an réiteach, rud nach bhfuil coitianta sa chuid is mó cásanna dlí teaghlaigh.

Sa bhliain 2005 iarradh ní ba lú ná 1.5 faoin gcéad de cholscarthaí uile agus 3 faoin gcéad idirscaradh breithiúnach san Ard-Chúirt, 79 san iomlán. Bhí thart ar an líon céanna (82) de bhreithiúnais dlí teaghlaigh sa Chúirt Chuarda

achomhartha don Ard-Chúirt. Tuairiscítear cásanna a théann go lán-éisteacht san Ard-Chúirt, agus a dtugtar cúlhbhreithiúnas scríofa orthu níos moille, sna tuarascála oifigiúla *Law Reports*. Bíonn achomre faisnéise, dlí a bhaineann leis, agus rialú na cúirte istigh iontu.

Fiú ní hiad a leithéid de chásanna seo, áfach, an chuid is mó d'obair na hArd-Chúirte sa dlí teaghlaigh.. Mar a léirítear an tseachtain sin sa chúirt, baineann chuid mhór den am le próiseáil ghó na cúirte, ag cinntiú go bhfuil cásanna ag dul ar aghaidh le malartú cáipéisí agus ag spreagadh cásanna chun réiteach.

Ar feadh seachtain amháin le linn mhí Dheireadh Fómhair 2006 réitíodh dhá chás na hArd-Chúirte a bhí liostaithe le leanúint, agus ní dheachaigh cás ar bith le haghaidh éisteachta.

Bhain an chéad chás a tháinig os comhair an Bhreithimh Henry Abbott le hachomharc ón gCúirt Chuarda leis an iarratasóir mná ag iarraidh ordú athruithe a bhain le teach an teaghlaigh agus le pinsean an fhir chéile.

Ag an tús dúirt a hAbhcóide go ndearna an bhean chéile tairiscint agus go raibh siad ag fanacht ar fhreagra. Chuaigh an Chúirt ar athló chun é seo a cheadú. Ag 2i.n. insíodh don Chúirt go raibh idirbheartaíocht ag dul ar aghaidh agus ag 4i.n. d'fhill na páirtithe lena ndlíodóirí agus iad ag rá go raibh réiteach ann ar mhian leo dlí a chur air leis an gcúirt. Léigh siad amach na téarmaí.

D'iarr siad ordú na Cúirte Cuarda a chinntiú chun foraithe idirscaradh breithiúnach a cheadú agus a n-orduithe coimhdeacha a éagsúlú. Áiríodh cothabháil €145 an tseachtain do leanaí is óige an phósta, agus an bhean chéile ag coinneáil an líuntais leanaí dóibh sna horduithe. Bhí comhchúram an triúir is óige le bheith ag an mbeirt acu agus cúram laethúil an duine is sine den triúr leis an athair, agus an bheirt níos óige leis an máthair.

Bhí teach an teaghlaigh le díol agus, i ndiaidh dóibh íoc as fuilleach an mhorgáiste bhig, bhí na fáiltis le roinnt idir na páirtithe, agus 53 faoin gcéad ag dul don bhean chéile agus 47 faoin gcéad ag dul don fhear chéile. Sholáthródh coigeartú pinsin do 40 faoin gcéad de phinsean an fhir ag dul leis an mbean chéile, agus é ag coinneáil na cnapshuime iomláine is iníoctha ar scor dóibh.

Ina theannta sin bhí ar an mbean chéile tús a chur le colscaradh taobh istigh de sheachtainí mar go raibh siad scartha ní ba mhó ná ceithre bliana. Ní dheanfaí é seo a chonspóid.

Tosófar sceideal rochtana comhaontaithe do na leanaí chomh luath agus a bhí an teach díolta.

Tá mé buartha go bhfuil dhá áit chónaithe ag na leanaí, a dúirt an breitheamh. “An mbeidh praghas maith don teach?” Nuair a dúradh go raibh luach €1 milliún air dúirt sé gur chiallaigh sin go mbeadh thart ar €500,000 ag gach páirtí.

“Nuair a bhíonn tuarastal amháin agus cuid de thuarastail agus líon maith leanaí ní bhíonn sé furasta,” a dúirt sé. “Féadfaidh na páirtithe bheith sona sásta gur chuir siad cúrsaí chun críche, rud a bheith ina chuidiú leo chun cúram a thabhairt dá gclann gan mhíréiteach. Ceadaim an réiteach agus déanaim orduithe i dtéarmaí na ndruchtchomhaontuithe sínithe ag na páirtithe.

“Gabhaim comhghairdeas leis na páirtithe as an lá maith oibre agus go háirithe ar son a

gclann agus go maire siad a saol amach anseo”.

“Tá airgead sábhailte acu chomh maith. Féadfaidh cásanna cosa a fháil agus maireachtáil ar feadh roinnt laethanta, ag ithe isteach sna hacmhainní atá ar fáil.”

Ba é achomharc na Cúirte Cuarda an cás eile a bhí réitithe a cheadaigh colscaradh agus ina raibh ceist a bhain le díolachán teach an teaghlaigh. Dúirt dlíodóir an fhir chéile go raibh seo réitithe anois agus le 35 faoin gcéad ag dul don fhear céile agus 65 faoin gcéad ag dul don bhean chéile. Bhí a gclann fásta agus tar éis an teach a fhágáil.

Bhí post lánaimseartha ag an mbean chéile agus bhí an fear céile féinfhostaithe. Bhí siad colscartha sa bhliain 1999. Bhí luach thart ar €500,000 ar an teach agus bhí an bheirt acu in ann airgead a fháil ar iasacht. Níor ghá éisteacht leis an bhfaisnéis, dúirt sí.

Bhí an Breitheamh Abbott sásta comhlíonadh dá réir. “Is ionsá é a luaithe a thug an chúirt breith,” dúirt sé. Rinne sé comhghairdeas leis na páirtithe as comhaontú a dhéanamh, a chuidigh leo leanúint ar aghaidh do shaol nua gan teannas agus searbas. “Seasfaidh sé daoibh ar bhealach mothúcháinach, síceolaíoch agus airgeadúil,” a dúirt sé.

Rinne sé comhghairdeas leis na dlíodóirí a bhí bainteach, agus é ag rá nárbh fhéidir teacht ar chomhréitigh. “Mura raibh ionadaíocht déanta ba ghá don chúirt fiosrú agus cur isteach i ndóigh arbh fhéidir cur as na daoine ar bhain leis,” a dúirt sé.

I ndiaidh glao anonn na gcásanna Dé hAoine, ina dtuairiscíonn dlíodóirí ar dhul chun cinn agus iarrtar dátaí éisteachta, Éistear iarratais ghearra *in camera*. Is féidir go mbaineann siad le horduithe urchoisce agus cosaint nó ceisteanna cosúil le fionnachtain cáipéisí.

I gcás amháin ba dhlíthí tuata an fear céile

*Gabhaim comhghairdeas leis na páirtithe as an lá maith oibre agus go háirithe ar son a gclann agus go maire siad a saol amach anseo*

*Tá cuid mhór maoine agam agus páirtithe agus mar sin de. Níl ionam ach duine tuata agus ní thuigim an dlí*

*Is liomsa mo rogha aturnae a fhostú. Níl airgead agam le cur amú ar aturnae. Tá tú ag insint dom go dteipfidh orm. Tá mé réidh le teip.*

cé go raibh, dá réir féin, cuid mhaith maoinne aige. Bhí aturnae a mhná céile ag iarraidh leanúint ar ordú cosanta agus chuir sé gearán isteach nach bhfuair sé a mionnscríbhinn acmhainne. Thabharfadh sé é seo nuair a gheobhadh sé an ceann a bhí aice.

“Is deacra mo chás ná mo bhean chéile,” a dúirt sé. “Tá cuid mhór maoinne agam agus páirtithe agus mar sin de. Níl ionam ach duine tuata agus ní thuigim an dlí.”

Dúirt aturnae a mhná céile mura raibh mionnscríbhinn an fhir chéile críochnaithe go mb’fhéidir gur ghá fionnachtain a iarraidh.

“Tá tú ag úsáid focail anois nach maith liom,” a dúirt an fear céile. “‘fionnachtain.’ Scríosfadh an focal sin mé. Dhruidfí síos thar oíche mé leis.”

“Ní féidir le duine ar bith dul chuig bainisteoir do bhainc gan tú teacht isteach sa chúirt agus ag míniú cad chuige nach bhféadfaidh é a dhéanamh,” a d’inis an Breitheamh Abbott dó. “Sa chéad dul síos tá

ortsa fionnachtain a dhéanamh, na cáipéisí a thabhairt isteach agus mar sin de. Féadfaidh fionnachtain tríú pháirtí a dhéanamh i gcásanna imeallacha.

“Ceadóidh mé seachtain neamhfhoirmiúlachta chun cead a thabhairt do na páirtithe cáipéisí atá acu a mhalartú.”

“Tá mé ag réachtáil an chomhlachta seo liom féin,” a dúirt an fear céile. “Ba liomsa an t-airgead a d’úsáid mé chun na sealúchais uile seo a cheannach. Níor shínigh sí morgáiste ar bith.”

D’inis an breitheamh dó gur féidir leis an mbean chéile cuid de na sócmhainní pósta a iarraidh nuair a briseadh pósadh. Spreag sé é chun aturnae a fhostú.

“Ní shuíonn sé go furasta liom,” a d’fhreagair an fear céile. Is liomsa mo rogha aturnae a fhostú. Níl airgead agam le cur amú ar aturnae. Tá tú ag insint dom go dteipfidh orm. Tá mé réidh le teip.”

Dúirt an Breitheamh Abbott go raibh sé ag fágáil an ordaithe chosanta in áit, agus chuir se an cás ar athló go ceann seachtaine.



# Lá i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath: Ábhar Idirscartha breithiúnaigh nó colscartha

I gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath d'fhorchoimeádaigh an Breitheamh Alison Lindsay breithiúnas ar iarratas colscartha. Dúirt dlíodóir an fhir chéile go maífeadh a chliant go raibh siad ina gcónaí “scartha agus ar leithligh ó chéile”, cé gur faoin díon chéanna le linn na gceithre bliana riachtanacha agus go raibh sé in inmhe colscaradh a fháil. Shéan an bhean chéile tréimhse an scartha.

Dúirt an fear céile gur pósadh iad sa bhliain 1990 i ndiaidh suirí dheich mbliana nuair a bhí siad óg. Fuarthas teach an teaghlaigh gar go lár chathair Bhaile Átha Cliath, faoin oidhreacht óna theaghlach a raibh sé acu mar infheistíocht mhaoine. Bhí sé athchóirithe ag an mbeirt acu mar áras an teaghlaigh. Chuir aturnaetha an dá pháirtí luach €1.35 milliún ar an teach. Bhí morgáiste beag ar an teach mar gheall ar an athchóiriú.

Bhí árasán ag an mbeirt acu mar infheistíocht mhaoine ar a raibh luach €410,000, agus bhí €240,000 morgáiste acu. Ní raibh clann ag an mbeirt acu ach bhí leanbh trí bliana d'aois ag an bhfear céile i ngaol eile. Bhí €100,000 oidhreachta aige óna mháthair chomh maith.

Dúirt sé gur tháinig críoch leis an gcaidreamh nuair a fuair sé amach go raibh caidreamh suirí ag an mbean chéile sa bhliain 2001. “D’éiríomar scartha óna chéile agus bhí saol scartha againn taobh istigh de dhá nó de thrí mhí ina dhiaidh sin. Níor choinníomar cuideachta lena chéile. D’aistrigh mé go cuid eile den teach. Ní raibh caidreamh gnéis ann. Bhí mé i gcaidreamh eile. Tá sise mar an gcéanna.”

Shíl sé nach bhféadfaidh cothabháil bheith ann agus gur cheart dóibh imeacht ar a

mbealach féin. Ba mhian leis cónaí a choinneáil sa teach a fuair sé ó oidhreacht a theaghlaigh féin agus bhí sé in ann €200,000 a fháil chun a cuidse a cheannach agus an t-árasán a aistriú dá hainm.

Faoi chroscheistiú le dlíodóir na mná céile, dúirt sé gur baineadh a mhorgáiste óna thuarastal agus gur íoc sé as leathchuid na mbillí. Ní raibh sí sásta smaoinemh faoi chlann go dtí go raibh sí i lár na 30í, nuair a fuair sí deacrachtaí. Ar cheistiú air faoi, dúirt sé, “Níor insíodh dom an fáth a ndeachaigh sí isteach san ospidéal.”

Dúirt aturnae na mná céile: “Bhí an pósadh ag dul ar aghaidh go maith go dtí an bhliain 2003 nuair a fuair sí amach go raibh tú i gcaidreamh eile agus leanbh agat. Bhí sí croíbhriste, faoi ghruaim agus féinmharfach. Séanann sí dá bhfuil le rá agat ar ar tharla sa bhliain 2001. Fiú nuair a tháinig eolas ar an leanbh chun solais rinne sí iarracht an pósadh a shábháil agus chuaigh sibh ar laethanta saoire sa bhliain 2003.” D’fhreagair sé go ndeachaigh siad ar saoire mar chairde, ní hé mar fhear céile agus bean chéile.

Cuireadh dó go raibh sé ag iarraidh ceangal maoithneach ar an teach a mhaíomh nuair ab infheistíocht mhaoine a mháthar a bhí ann. Dúirt sé gur chaith sé cuid mhór ama istigh ann. “Bíonn ceangail mhaoithneacha éagsúla ag daoine éagsúla.”

Ar iarradh freagra air do thogra a mhná céile go ndíolfar an teach agus an t-árasán agus go roinnfear na fáltais, dúirt sé nach raibh se ar aon intinn leis. “Tá tú ag moladh go bhfaigheann sí an t-árasán agus €200,000. Tá

*Ní raibh a fhios agam go raibh caidreamh suirí aige. Tháinig sé isteach lá amháin agus d’inis sé dom go raibh caidreamh suirí aige le sé mhí anuas... Tháinig sé agus d’inis sé dom go raibh sí ag iompar clainne.*

leath den árasán aice cheana. Tá tú ag moladh go bhfaigheann sí €400,000 i ndiaidh 16 bliain pósta?” “Tá,” a dúirt sé.

Dúirt an bhean chéile gur bhuail sí lena fear céile nuair a bhí sí 18 bliain d’aois agus nach raibh caidreamh ag an mbeirt acu roimhe sin. Ocht mbliana ina dhiaidh sin bhí siad idir dáil agus pósadh. Ní raibh siad ina gcónaí le chéile roimh an bpósadh.

B’ fhostaí sa tseirbhís phoiblí í agus thóg sos gairme nuair a chuir sí gnó beag ar bun, bunaithe sa teach. D’íoc sí as na billí mar go raibh seisean ag íoc as an morgáiste. Má tharla go raibh na billí ní ba mhó ná an morgáiste roinn siad an difear.

Ar iarradh uirthi an fáth um briseadh síos an phósta dúirt sí gur thosaigh sí ag iarraidh iompair chlainne thart ar an mbliain 1997 agus í 36 bliana d’aois. Ag deireadh an dara bliain bhí scrúduithe máinliachta aice agus d’éirigh an scaoll uirthi faoina torthúlacht. “Ba é an t-am is deacra do mo shaol. Chuirfeadh sé strus ar phósadh ar bith.”

Nuair a bhain sí 40 d’aois, níor mhian léi coinneáil ar iarracht iompar clainne cé gur imigh a fear céile uirthi.

“Ní raibh a fhios agam go raibh caidreamh suirí aige. Tháinig sé isteach lá amháin agus d’inis sé dom go raibh caidreamh suirí aige le sé mhí anuas. An lá dár gcionn chuaigh mé chun na páirce agus ghlaigh air ag a chuid oibre. Tháinig sé agus d’inis sé dom go raibh sí ag iompar clainne.” Ag an bpointe seo thosaigh sí ag gol agus d’iarr an Breitheamh Lindsay uirthi ar mhaith léi sos. Dhiúltaigh sí.

“Chuaigh sé i bhfeidhm go mór orm,” a lean sí ar aghaidh. “Bhí mise ag déanamh iarrachtaí le fada agus d’imigh sé ar feadh deireadh seachtaine agus bhí sise ag iompar clainne. Bheinn sásta aire a thabhairt don leanbh sin, fiú go páirtaimseartha. Bhí grá agam do m’fhear céile. Tá go fóill. Maithim dó é.”

Tamall ina dhiaidh seo chuaigh siad ar saoire le chéile. Dúirt sí gur am dlúthaíochta a bhí ann, cé go raibh “cúpla deoir”.

D’fhreastail sí ar Accord ar feadh trí bliana agus chuidigh sé seo go mór léi. Ar iarradh uirthi an mbeadh suim aice in athmhuintearas dá mbeadh dóchas ar bith ann, dúirt sí go mbeadh ach nach mbeadh aige.

Dúirt sí gur chuidigh a hathair agus a deirfiúr léi gnó beag a chur ar bun ar bainisteoir dó í.

Nuair a iarradh uirthi an rud ar mhaith léi, dúirt sí go raibh siad le chéile ar feadh 26 bliain agus pósta ar feadh 16 agus go raibh sí ag iarraidh a “cothrom de thairbhí” sócmhainní teaghlaigh ina raibh 50 faoin gcéad.

Agus í á croschéistiú ag aturnae a fhir chéile d’aontaigh sí gur thug sé teach - chóir a bheith íoctha - isteach sa phósadh.

Nuair a iarradh uirthi má thosaigh sí ar chaidreamh suirí, dúirt sí: “Is deargbhréag é sin. Nuair a fuair mé amach nach raibh mé in ann clann a bheith agam thosaigh mé ar rince-líne. Chuaigh mé amach le mo chailíní. Bhí an pósadh faoi strus ag an am sin. Ní raibh sé briste síos.”

Ar iarradh uirthi má aistrigh a fear céile amach as an seomra luí ag an am sin, dúirt sí gur aistrigh sé isteach agus amach. Níor aistrigh sé amach ina iomláine go dtí gur rugadh a mhac sa bhliain 2003. “D’athraigh sé go suntasach. Rugadh gasúr beag agus ionadaíodh mé. Fiú nuair a rugadh é shíl mé go mbeimis in ann rud éigin a oibriú amach. Shíl mé go bhféadfaimis é a thabhairt linn dhá dheireadh seachtaine gach mí.” Dúirt sí gur chomhroinn siad leaba agus iad ar saoire i ndiaidh bhreith an linbh.

Chroscrúdaigh dlíodóir a fhir chéile í go forleathan ar an ngnó a raibh sí á bhainistíocht inar mhaigh sé gurb ise an scairshealbhóir is mó. Dúirt sí gur mhian lena teaghlach cuidiú a thabhairt di agus gur chuir a deirfiúr a lán airgid isteach ann. Ní raibh airgead ar bith aice

*Ní raibh a fhios agam go raibh caidreamh suirí aige. Tháinig sé isteach lá amháin agus d’inis sé dom go raibh caidreamh suirí aige le sé mhí anuas... Tháinig sé agus d’inis sé dom go raibh sí ag iompar clainne*

féin. Cuireadh di nach raibh sí macánta leis an gcúirt agus lena fear céile faoina cúrsaí airgeadais.

D’inis sí dá dlíodóir féin gur thaispeáin airteagail chomhlachais na gnólachta ar lena hathair 70 faoin gcéad agus lena deirfiúr 30 faoin gcéad.

Agus é ag déanamh achoimre don fhear chéile, dúirt a dhlíodóir gurb amhlaidh i gcás McA gur chinn an breitheamh gur féidir le lánúin bheith ina gcónaí “scartha agus ar leithligh” agus iad faoin díon céanna go fóill. Ba í an cheist cén duine ar chreid an chúirt ar an ábhar seo. Agus é ag tagairt don sealúchas, dúirt sé gur san Ard-Chúirt a rialaigh an Breitheamh O’Higgins gur féidir “foráil cheart” a dhéanamh don chéile agus “aird thábhachtach” ar fhoinsé sealúchais a bheith aige.

Ina cúlbreithiúnas seachtain ina dhiaidh, dúirt an Breitheamh Lindsay gurb iad na ceisteanna idir idirscaradh breithiúnach nó colscaradh a dhéanamh, agus an féadfaidh ordú coigeartaithe maoiné a bheith ann.

Chun iarratas a thabhairt ar cholscaradh ní mór den lánúin bheith scartha agus ar leithligh ar feadh cheithre bliana as na cúig bliana a chuaigh thart. Bhí díospóireacht ann faoina ndlúthchaidreamh. “Tá mé in amhras go raibh an pósadh thart sa bhliain 2001. Tá orm dul ar aghaidh, tríd is tríd, nach bhfuil an fhoráil seo comhlíonta.” Thug sí foraithe idirscartha bhreithiúnaigh faoin Acht 1989.

Ní raibh éileamh ar an airgead oidhreachta agus ní raibh ceist phinsin ann, a dúirt sí. Ba é an teach an t-aon cheist amháin.

Fuair sí faisnéis go raibh an morgáiste íoctha 50/50 ag cion fritháireamh ón bhfreagróir ba bhean chéile. Ghlac sí leis mar fhaisnéis go raibh sé ar intinn ag na páirtithe

50/50 a dhéanamh ar gach rud. B’ infheistíocht mhaoine é an teach roimhe sin.

Rinne an t-iarratasóir tairiscint don chúirt ar luach €350,000, thart ar 25 faoin gcéad luach an dá shealúchas. Níor leor é seo. Mhair an pósadh 16 bliain agus an caidreamh 10 mbliana roimhe sin. Ba é áras an teaghlaigh an teach agus bhí faisnéis chomhroinnte le linn an phósta uile. Ar léamh cásdlí ar an ábhar di, bhí uirthi an rud ceart agus cothrom a dhéanamh. “Ní féidir liom feiceáil cén fáth nach dtig liom iad [na sócmhainní] a chomhroinnt 50/50,” a dúirt sí.

Maidir le gnó na mná céile, curtha isteach chun ceist a chur ar a gcreidiúnacht, dúirt sí nach bhfuair sí áititheach é agus nach raibh mórán aidhme leis.

Agus í ag ceadú ordú um idirscaradh breithiúnach, agus roinnt 50/50 den teach agus den infheistíocht mhaoine, thug sí deis don iarratasóir is fear céile cuid a bhí ag an mbean chéile a cheannach trí íoc as €675,000 ar nó roimh 1 Feabhra.

# Lá i gCúirt Chuarda Chorcaí: Dhá theach Éireannacha agus colscaradh Meiriceánach

*D'iarr an Breitheamh O'Donohoe ar an mbean chéile an ndearnadh foráil cheart i gcolscaradh Meiriceánach. A bheag nó a mhór, dúirt sí. Ba mhaith liom tuilleadh.*

**L**e linn cheithre lá éisteacht dlí teaghlaigh i gCorcaigh roimh an Nollaig 2006 thug an Breitheamh James O'Donohoe breithiúnas i gcás reatha fada, thug ocht bhforaithe idirscartha bhreithiúnaigh agus 28 colscaradh agus d'aithin colscaradh SAM amháin. Tháinig foraithe idirscartha bhreithiúnaigh amháin i ndiaidh éisteachta fada. Ba iad na foraitheanta idirscartha bhreithiúnaigh eile le toiliú.

Thóg colscaradh SAM tamall fada. Bhí cuid mhór sealúchais SAM roinnte idir na páirtithe agus bhí an bheirt acu ina gcónaí ann go fóill. Bhí sé rialaithe ag breitheamh SAM nach raibh dlínse aige an dá shealúchas a roinnt in Éirinn. B'áras an teaghlaigh €550,000 agus sealúchas tráchtála de luach €750,000 iad seo. Bhí sé comhaontaithe ag na páirtithe go n-íocfar €550,000 don bhean chéile agus go ndeachaigh an fear céile i mbun an mhorgáiste €110,000 le híoc ar áras an teaghlaigh. Bhí siad ag iarraidh rialú breithiúnach ar an gcomhthoil seo in éineacht le haithint cholscaradh SAM.

Dúirt abhcóide na mná céile nach raibh comhaontú ar luach na sealúchas, agus é ag rá gur chuir luachálaí amháin praghas i bhfad ní b'airde ar an sealúchas tráchtála ar leis an bhfear céile i mbaile tuaithe. Bhí an bhean chéile curtha faoi mhionn agus d'iarr an Breitheamh O'Donohoe uirthi má rinneadh foráil cheart i gcolscaradh SAM. "A bheag nó a mhór," dúirt sí. "Ba mhaith liom tuilleadh."

Dúirt abhcóide an fhir chéile gurb é an t-iarratas seo le haghaidh aithint cholscaradh SAM. Ní fhéadfar iarratas a

bhaineann le sealúchas a thabhairt ach amháin gur féidir taispeáint nár leor an bhunfhoráil.

Dúirt sí chomh maith go raibh an fear céile ag tairiscint €550,000 don chuid ar leis an mbean chéile sa dá sealúchas agus le dul i mbun an mhorgáiste ar áras an teaghlaigh in Éirinn, le costas €660,000 san iomlán. Ba leisean an sealúchas tráchtála blianta roimh an bpósadh.

Dúirt ceantálaí a bhí glaoite ag abhcóide na mná céile gur chuir sé luach ar an sealúchas tráchtála ag €1.7 milliún i ndiaidh sracschrúdú ón taobh amuigh. Scrúdaigh an Breitheamh O'Donohoe grianghraif de na foirgnimh agus dúirt gur chuir luachálaithe an fhir chéile praghas ró-íseal air. Chuirfeadh sé luach €1.2 milliúin air, a dúirt sé, agus chuirfeadh sé i gcuntas oidhreacht an tsealúchais agus dul i

mbun an mhorgáiste. Thabharfadh sé 30 faoin gcéad de €1.2 milliúin don bhean chéile, lúide an morgáiste.

Dúirt dlíodóir an fhir chéile gur iarradh ar an mbreitheamh an colscaradh a aithint agus rialú ar an gcomhthoil, ní le dámhadh a dhéanamh. “Seo comhthoil atá déanta go bailí ar pháirt an dá pháirtí” dúirt sí. Bhí sé bunaithe ar an Acht 1995, dúirt sí, ní ar an Acht 1996, lena raibh tagairt ar “foráil cheart”. Ba í an t-aon cheist le réiteach má bhí dlínse ag an gcúirt chun colscaradh SAM a aithint.

Dúirt dlíodóir na mná céile go ndearna a chliant tairiscint agus go raibh sé glactha agus sínithe. Thaispeáin dlíodóir an fhir chéile gurb ionann leathluach áras an teaghlaigh, €275,000, móide 30 faoin gcéad de €1.2 milliúin, lúide an morgáiste de €110,000, agus €525,000. “Níl bob á bhualadh ar dhuine ar bith anseo, tabhair an chomhthoil, le do thoil,” a dúirt sí.

I ndiaidh atráth beag chun cuidiú leis na páirtithe na figiúirí a phlé, dúirt abhcóide na mná céile go raibh sí sásta leis an mbuntairiscint €550,000 agus chun géilleadh nach raibh bonn ann le haghaidh cúirte imeachta ar “fhoráil cheart”.

# Lá sa Chúirt Chuarda

## Lár-Tíre:

## Teacht aníos an dlíthí tuata

Lá i mí na Samhna i mbaile lár tíre d'éist an Breitheamh Anthony Kennedy seacht gcás ghairide agus ceann eile a bhí liostaithe lena raibh ag súil go mairfeadh sé an chuid ba mhó den lá. Bhí achomharc na Cúirte Dúiche agus cás a bhain le colscaradh Sasanach curtha ar an liosta.

Bhain na cásanna gairide uile, a thóg an breitheamh ar dtús, le hiarratais cholscartha.

Bhain an chéad cheann le dlíthí tuata. D'iarr an breitheamh air má bhí sé sásta é seo a dhéanamh gan ionadaíocht. Dúirt sé go raibh. Iarradh ar an bhfear an raibh litir aige óna bhean chéile lena comhthoil, agus bhí sin amhlaidh. Cuireadh faoi mhionn é, thug a ainm agus dúirt gurbh fhíor gach rud ina dhearbhu. Sheas sé síos ansin.

Dúirt an breitheamh gur cheadaigh sé forairthne colscartha agus crosorduithe (ag cur cearta comharbais ar ceal) ní dhearna sé orduithe ar chostais agus dúirt go gcuirfear in iúl don fhreagróir gan mhoill. D'imigh an fear.

Bhain an dara cás le dlíthí tuata fosta, bean nach raibh a fear céile i láthair. D'iarr an Breitheamh Kennedy uirthi an raibh a dhearcadh ar an iarratas ar eolas aice. D'fhreagair sí nach raibh ach shíl sí nach raibh suim aige ann. Chinntigh an breitheamh léi go raibh an lánúin scartha ón mbliain 1989 i leith, go raibh cónaí áitiúil ag an bhfear

*Seacht gcás ghairide agus ceann eile a bhí liostaithe lena raibh ag súil go mairfeadh sé an chuid ba mhó den lá*



céile, agus go raibh comhaontú scartha acu. Dúirt an bhean chomh maith go raibh neamhniú eaglaise aici. Bhí dáta 1993 ar an gcomhaontú colscartha.

Chuaigh sí isteach i mboth na bfinnéithe agus ghlac an mionn, ag cinntiú gurbh fhíor gach rud a dúirt sí cheana féin. Chinntigh sí chomh maith go raibh gach ábhar tábhachtach réitithe.

Cheadaigh an Breitheamh Kennedy foraithe colscartha agus crosordú agus d'ordaigh go gcuirfear in iúl don fhreagróir gan mhoill.

Bhain an tríú cás le dlíthithe tuata chomh maith, a bhí os comhair na cúirte le chéile. D'iarr an breitheamh orthu an raibh iníon óg agus dúirt siad go raibh. D'iarr sé cé leis a raibh sí ina cónaí, agus dúirt an fear céile: "Mise." D'iarr sé ar an mbean an raibh rochtain aice, rud a bhí amhlaidh. "Níl aon searbhias ann?" d'iarr an breitheamh, agus d'aontaigh an lánúin nach raibh. D'aontaigh siad chomh maith go raibh siad ag iarraidh colscartha, agus cearta comharbais curtha ar ceal, agus gur réitíodh gach rud a bhain le sealúchas, le cothabháil, leis an leanbh, agus le rochtain.

Cheadaigh an Breitheamh Kennedy foraithe colscartha agus crosordú. D'fhág an bheirt an chúirt le chéile.

Sa cheathrú cás, dúirt fear a rinne a ionadaíocht féin gur chomhaontaigh an bheirt acu comhaontú idirscartha sa bhliain 2005. "Tá gach rud go breá anois," a dúirt sé. Ar iarraidh air má bhíonn comhaontuithe cúraim agus rochtain le leanúint, dúirt sé: "Tá sé go léir ag oibriú amach go breá."

Cheadaigh an Breitheamh Kennedy foraithe colscartha agus crosordú.

Sa chúigiú cás rinne abhcóide ionadaíocht don iarratasóir is fear céile. Dúirt sí go raibh idirbheartaíocht ann agus go raibh téarmaí réitithe comhaontaithe. Ní raibh an freagróir i láthair mar go raibh comhaontú ann.

Cuireadh an t-iarratasóir faoi mhionn, agus thug fianaise gur pósadh an lánúin sa bhliain 1979 agus go raibh ceathrar clann acu, idir aois 18 - 26. Bhí siad uile "a bheag nó a mhór" gan bheith i dtuilleamaí a chéile. Bhí siad idirscartha sa bhliain 1994. Bhí áras an teaghlaigh i mbruachbhaile Bhaile Átha Cliath agus dúirt gur faoi théarmaí an réitithe bhí sé ag scaradh lena shuim ann. Bhí sé ag iarraidh foraithe colscartha agus téarmaí de réir na comhthola.

Cheadaigh an Breitheamh Kennedy foraithe colscartha agus crosorduithe de réir na comhthola.

Rinne abhcóide ionadaíocht arís sa séú cás don iarratasóir is fear céile agus ní raibh an freagróir, a chomhaontaigh le téarmaí an cholscartha, i láthair. Bhí comhaontú idirscartha ann.

Dúirt an t-iarratasóir gur pósadh an bheirt acu sa bhliain 1990 agus go raibh leanbh cleithiúnaigh acu. Bhí siad ina gcónaí scartha agus ar leithligh ó Mheitheamh 2000. Dúirt sé go raibh téarmaí an réitithe comhaontaithe agus gurb ionann iad agus a mhianta. "An bhfuil sibh sásta go bhfuil gach comhaontú ar shealúchas, ar chothabháil, ar chúram agus ar rochtain de réir bhur mianta féin?" a d'iarr an breitheamh. "Tá," a d'fhreagair sé. Ar iarraidh air an raibh seans athmhuintearais ar bith ann, d'fhreagair sé: "Níl."

Cheadaigh an breitheamh foraithe colscartha le téarmaí na comhthola mar rialacha na cúirte.

Bhain an seachtú cás le beirt dlíthithe tuata a bhí os comhair na cúirte le chéile, cé go ndúirt an breitheamh gur scríobh an fear céile isteach, agus é ag rá nach mbacfadh leis teacht.

Cuireadh an t-iarratasóir is bean chéile faoi mhionn agus d'inis an breitheamh go raibh gach ábhar tábhachtach pléite i gcomhaontú idirscartha. D'iarr an Breitheamh Kennedy an raibh an bheirt chlann, a bhí an-óg, ina gcónaí léi, agus dúirt sí go raibh. "Le

*An bhfuil sibh sásta go bhfuil gach comhaontú ar shealúchas, ar chothabháil, ar chúram agus ar rochtain de réir bhur mianta féin, d'iarr an breitheamh. Tá, d'fhreagair sé.*

rochtain ar d'fhear céile?" a d'iarr sé, agus dúirt sí: "Is ea." D'iarr sé an raibh ceist ar bith ag an bhfear céile. Ní raibh ceist ar bith ann.

Cheadaigh an Breitheamh Kennedy foraithe colscartha agus crosordú.

D'éirigh sé ag 11.05 r.n. mar lean plé ar na cásanna a bhí fágtha, ceann amháin acu a shíleadh dul go lánéisteacht agus a mhaireadh an chuid eile den lá.

Nuair a tháinig an chúirt ar ais ag 11.30 r.n. dúirt abhcóide dhuine de na páirtithe sa chás seo go raibh na téarmaí comhaontaithe agus go rabhtas á laghdú go téarmaí scríofa. "Is an-mhaith é sin, i ndiaidh mórán uaireanta an chloig a chaitheamh chun na cáipéisí a léamh," a dúirt an Breitheamh Kennedy.

Cuireadh an cás seo ar athló chun téarmaí réitithe a scríobh síos.

B'aithint cholscaradh Sasanach an chéad mhír eile ina raibh an fear marbh agus bhí a iníon ag tabhairt an iarratais. Bhí clásal sa cholscaradh ag tagairt do chearta oidhreachta na mná céile ina uacht. Ach fuair an fear bás agus é ina dhíthiomnóir.

Má aithnítear an colscaradh Sasanach cuirfear comhchearta oidhreachta idir an fear céile agus an bhean chéile ar ceal.

D'inis abhcóide na hiníne go raibh cúigear páistí as an bpósadh, agus ní raibh sealúchas ach teach gan chónaí ó bhás a hathar. Ba mhaith leis an gclann ábhar an tí a phlé ach nárbh fhéidir é go dtí gur réitíodh an colscaradh.

Pósadh an bheirt sa bhliain 1959. Sa bhliain 1979, thréig an bhean chéile an teaghlach agus ní fhacthas ó shín i leith í. Theip ar iarrachtaí dul i dteagmháil léi. Bhí an iníon ag iarradh ordú chun bailíocht an cholscartha Shasanaigh a aithint.

Cheadaigh an breitheamh an t-iarratas seo. "Titeann gach rud eile in áit mar sin?" a d'iarr se ar an abhcóide, agus dúirt an abhcóide gur thit.

D'atosaigh an cás ní ba luaithe agus cuireadh an fear céile faoi mhionn. Pósadh an bheirt sa bhliain 1987. Bhí beirt chlann ann, in aois 18 agus 15, a raibh príomhchónaí orthu lena máthair. Bhí rochtain orthu comhaontaithe.

Dúirt sé go raibh réiteach ann go n-íocfadh a bhean chéile €150,000 as a chuid in áras an teaghlaigh i mbaile cúigeach agus go n-íocfadh sé €30,000 in ionad cothabhála don bheirt pháistí. B'ansin a cuireadh ordú na Cúirte Dúiche chun €150 cothabhála an tseachtain a íoc ar neamhní.

Dúirt sé go raibh siad ina gcónaí scartha óna chéile le níos mó na ceithre bliana agus nach raibh ionchas athmhuintearais ann. Cheadaigh an breitheamh foraithe cholscartha agus fuair na téarmaí, rud a rinne sé mar orduithe na cúirte.

Inseoidh an chúirt go raibh comhaontú sa chéad chás eile, achomharc a bhí ann ón gCúirt Dúiche a bhain le rochtain agus le cothabháil. Scríosadh amach é..

Chuir seo deireadh leis an suí, a chríochnaigh ag 12.55 i.n. mar gheall ar réiteach an cháis le héisteacht nach raibh coinne leis.

San iomlán, ceadaíodh ocht gcolscaradh, cuireadh achomharc na Cúirte Dúiche de láimh, agus aithníodh colscaradh Sasanach.

Bhain cúig cinn de na cásanna neamhchonspóidithe le dlíthithe tuata.

*San iomlán,  
ceadaíodh ocht  
gcolscaradh,  
cuireadh  
achomharc na  
Cúirte Dúiche  
de láimh, agus  
aithníodh  
colscaradh  
Sasanach  
amháin.*

# Lá ar an gCuaird Thuaisceartach: Tábhachtacht taifid a choimeád

*Tá an Nollaig ag teacht agus tá an t-airgead de dhíth ag an mbean seo, dúirt an breitheamh.*

**L**ean lá dlí teaghlaigh i mbaile ar an gcuaird thuaisceartach ar aghaidh os comhair an Breitheamh John O’Hagan ó 10.30 r.n. go dtí 7.30 i.n. Bhain cás amháin le réiteach a raibh conspóid faoi, ceann eile ar iarratas chun cothabháil a athrú, agus ceadaíodh 15 colscaradh comhthoilithe agus idirscaradh breithiúnach.

Rinneadh iarratas chun téarmaí réitithe a athrú in idirscaradh breithiúnach. D’aontaigh an fear céile €250 cothabhála an tseachtain a íoc do cheathrar páistí s’acu ach bhí a phost cailte ag a fhostóir de 32 bliana agus ba mhian leis é seo a ísliú go €150. Ba €44,500 a phá tearbtha agus bhí sé ag fáil €165 an tseachtain ón sochar leasa shóisialaigh. D’iarr sé agus theip air obair a fháil.

D’imigh an chuid ba mhó den airgead ar íoc na bhfiacha, a dúirt sé, agus bhí €6,100 fágtha ina chuntas bainc. Ba é €590 an tseachtain a chuid eisíocaíochtaí, agus ag íoc morgáiste ar áras an teaghlaigh san áireamh, agus níor clúdaíodh é seo le sochar leasa shóisialaigh.

Dúirt sé go raibh talamh 50-60 acra á díol aige ar €300,000. Ba é €47,000 an morgáiste a bhí fós le híoc ar áras an teaghlaigh.

D’iarr abhcóide na mná céile cad é a bhí ag tarlú le dhá theach agus le roinnt gabháltas talaimh sa mhionnscribhinn acmhainne. Dúirt an fear céile go raibh siad uile á ndíol seachas an dá theach: áras an teaghlaigh ina raibh a bhean chéile agus a chlann ina gcónaí agus an teach ina raibh seisean.

“Cad é an t-am deireanach ar chuir tú isteach ar phost?” d’iarr sí. “Níor chuir le cúpla mí anuas,” d’fhreagair sé. D’admhaigh sé nár íoc sé cothabháil ó thús mhí Iúil go Meán Fómhair, cé go bhfuair sé a thuarastal go dtí deireadh mhí Lúnasa. Ar iarradh air cad chuige nár ghlan sé an morgáiste leis an bpá tearbtha, dúirt sé: “Ní raibh sé ar m’acmhainn.”

Thaispeáin an Breitheamh O’Hagan go raibh sé ag iarraidh méid chun a chlann a cothabháil a ísliú ag €100 an tseachtain a mbeadh, de réir a n-aoise, €60,000 don am nach mbeadh an duine is óige mar chleithiúnach air i gceann 12 bliana. “An mbeidh tú sásta íoc as, as an €300,000 a fhaigheann tú don talamh?” d’iarr sé. “Níl a fhios agam cá mhéid a bheas fágtha i ndiaidh na bhfiach dlí,” d’fhreagair an fear céile.

Thug a bhean chéile faisnéis go raibh sí ag obair go páirtaimseartha, ag saothrú €132 an tseachtain. Ba é €767 an tseachtain a hioncam, agus cothabháil agus leas sóisialach san áireamh, agus €790 a eisíocaíocht. Dúirt sí nach raibh ísliú €100 an tseachtain ar a hacmhainn.

“Tá an Nollaig ag teacht agus tá an t-airgead de dhíth ag an mbean seo”, dúirt an breitheamh. Dúirt abhcóide na mná céile gurb é €2,250 riaráistí do mhíonna Iúil agus Lúnasa. Dúirt an Breitheamh O’Hagan go gcaithfear é seo a íoc as an €6,100 i gcuntas bainc an fhir chéile. Dhúltaigh sé an t-ordú cothabhála a athrú ach ní raibh ach ag an

bhfeadh céile €150 a íoc go dtí go bhfuarthas fáiltas ón díol talaimh. Ansin, chaithfeadh comhardú riaráistí fabhráithe go dtí an t-am sin, ag ráta €100 an tseachtain, bheith íoctha.

Dúirt sé go raibh sé ag filleadh na ceiste chuig an gcéad súí dlí teaghlaigh eile chun breathnú ar ordú cnapshuime in ionad íocaíochtaí tréimhsiúla le haghaidh chothabháil na leanaí.

Um thráthnóna, d'éist an Breitheamh O'Hagan cás a bhain le réiteach a briseadh síos. Tháinig cuid mhór den fhianaise ó dhlíodóirí an dá pháirtí a thug a gcuntas ar idirbheartaíochtaí a bhí ann agus ar thuig siad a bhain leis an réiteach.

Dúirt aturnae an fhir chéile gur thairg an bhean áras an teaghlaigh, an fheirm agus innealra a cheannach, á ghlacadh le fiacha ar an sealúchas, ar €250,000. Níor ghlac a chliant leis sin agus lean idirbheartaíocht ar aghaidh anuraidh. Baineadh chomhréiteach amach i mí na Samhna trína n-íocfadh sé €475,000 léi as a leas in áras an teaghlaigh, sa talamh agus san innealra. Bhí sí chun liosta a thabhairt dó d'earraí pearsanta ar mhaith léi tógáil as áras an teaghlaigh agus ghlacfadh sí feirm eile a bhí cláraithe ina hainm. D'íocfadh sé an chéad leath den airgead dhá mhí i ndiaidh dó an liosta a fháil.

Íocadh an t-airgead ach ba chosúil go raibh an bhean chéile ag cúlú ón réiteach, ag rá nach raibh liosta earraí pearsanta réitithe. Dúirt an aturnae gur thuig a chliant go n-íocfar an t-airgead i ndiaidh dó an liosta a fháil, ní i ndiaidh dó é a réiteach. Féadfaidh dlí a chur ar cheist an liosta taobh amuigh de na hábhair eile.

D'iarr an breitheamh ar an mbean chéile an nglacfadh sí leis an íocaíocht agus an gcuirfeadh sí dlíthíocht ar an liosta. Dúirt sí: "Ní ghlacfaínn." D'iarr sí ar aturnae a fhir chéile an fáth ar seoladh an chéad litir ag ceistiú an liosta i ndiaidh dó airgead a sheoladh agus bheith curtha sa bhanc. "Caithfidh tú a mheasúnú go rabhamar saite ag plé le baincéirí chun an €475,000 a fháil," d'fhreagair aturnae an fhir chéile.

Thug dlíodóir an fhir chéile fianaise ansin, ag rá nár chuimhin leis go raibh an réiteach ceangailte le comhaontú an liosta. Ar iarradh air má bhí tuarascáil na ndíospóireachtaí aige, d'fhreagair sé, "Ní oibríonn díospóireachtaí mar sin. Déachtaíonn tú an comhaontú ag an deireadh."

Ansin thug aturnae na mná céile fianaise go raibh nóta lámhscríofa aige dá fhreastal ar na hidirbheartaíochtaí, rud a shínigh sé agus ar ar bhreac sé dáta. Dúirt sé nach raibh réiteach ann go dtí go raibh comhaontú ar an

*Caithfidh tú a mheasúnú go rabhamar saite ag plé le baincéirí chun an €475,000*

*Ba bhreá liom deireadh a chur leis seo. Is an-tábhachtach dom liosta na n-earraí. Tá 30 bliain de mo shaol sa teach sin. Ní féidir é a chur ar shiúl le hairgead.*

liosta earraí ar mhaith léi tógáil ón teach, agus go gcuirfeadh sí an liosta seo le chéile chomh luath agus ab fhéidir. Istigh sna nótaí chomh maith a bhí tagairt ar fhéidearthacht cruinniú eile dá mbeadh deacrachtaí leis an liosta.

“Reamh-mheas mé deacrachtaí leis an liosta nach raibh ann ag an am. Bhí treoracha agam ó mo chliant gur ríthábhachtach é an comhaontú ar a raibh le tabhairt aice ó áras an teaghlaigh,” a dúirt sé.

D’iarr an Breitheamh O’Hagan ar dhlíodóir an fhir nach raibh an bhean i dteideal glacadh leis, de bhrí go raibh an t-airgead íoctha, go raibh comhaontú ar an liosta. “Bhí an réamhchoinníoll curtha ar an leataobh nuair a glacadh leis an airgead,” d’fhreagair an abhcóide. Dúirt aturnae na mná céile: “Easaontaím leis sin amach is amach.”

Thug an bhean chéile fianaise gurbh é an liosta réamhchoinníoll an réitigh. I ndiaidh don airgead bheith íoctha agus curtha sa bhanc fuair sí litir ó dhlíodóirí a fir chéile á rá go raibh sé sásta ceithre nó cúig ní a thabhairt di ar an liosta naoi leathanach. “Ba léir ansin nach raibh comhaontú againn,” dúirt sí. “Mhóthaigh mé gur treoraíodh isteach i ngaiste mé agus é ag seoladh an airgid agus ansin ag teacht ar ais le hathruithe don liosta.”

Ar iarradh uirthi má bhí sí ag iarraidh an cás a athoscailt le margadh níos fearr a fháil, dúirt sí: “Ní raibh. Ba bhreá liom deireadh a chur leis seo. Is an-tábhachtach liom liosta na n-earraí. Tá 30 bliain de mo shaol sa teach sin. Ní féidir é a chur ar shiúl le hairgead. Tá luach airgeadais ar chuid dó ach tá cuid mhór nach bhfuil air - ceol agus leabhair agus cuimhní m’atharsa.”

D’iarr an Breitheamh O’Hagan ar a haturnae a léirmhíniú a thabhairt, agus dúirt sé: “Sheas nó thit an réiteach uile ar chomhaontú an liosta.”

Dúirt an breitheamh go raibh aithne mhaith aige ar an bheirt aturnae. Ghlac aturnae na mná céile nótaí soiléire na n-idirbheartaíochtaí. Ba í réamhchoinníoll an réitigh go gcomhaontófar liosta na n-earraí. Seoladh é seo i lár mhí na Samhna agus ní raibh freagra ann go dtí deireadh mhí Eanáir nuair a bhí dáta an chéad chuid den airgead istigh. “Bhí sí i dteideal glacadh leis go raibh an liosta comhaontaithe. Dá mbeadh conspóid leis an liosta ba chóir di teacht aníos roimh íocaíocht an airgid,” a dúirt sé.

Thug sé breithiúnas go raibh réiteach ann agus go raibh an liosta earraí comhaontaithe. Rialaigh sé go gcaithfear na hearraí liostaithe bheith tugtha laistigh de thrí mhí in éineacht leis an gcuid eile den airgead. Cheadaigh sé idirscaradh breithiúnach, leis na “gnáthorduithe” a bhaineann le cearta oidhreachta, agus saoirse chun iarratas a chur isteach don chúirt arís má éiríonn tuilleadh fadhbanna.



# Lá i gCúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath: Rochtain, Caomhnóireacht agus orduithe cosanta

**P**léann an Chúirt Dúiche le dhá chineál iarratais: iad siúd a théann faoi dhlí fhoréigean teaghlaigh (sábháilteacht, cosaint agus orduithe urchoisc) agus iad a théann faoi dhlí teaghlaigh (iarratais chúraim agus rochtana agus orduithe cothabhála do nuachair agus do leanaí). Láimhseálann Cúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath méid ollmhór dlí teaghlaigh agus bíonn ar a laghad beirt Bhreithiúna ina suí go lánaimseartha. Pléann sé le cásanna cúraim leanaí.

Le linn suí amháin um mí na Nollag, d'éist an Breitheamh Ger Furlong 10 gcás a chlúdaíonn raon na n-iarratas láimhsithe ag an Chúirt Dúiche. Phléigh a comhghleacaí, an Breitheamh Hugh O'Donnell, le 20 cás lá eile an tseachtain sin.

Bhain mír shamplach don Bhreitheamh Furlong le toghairm do shárú ordú rochtana ag máthair bheirt ghirseach, in aois 13 agus 10, a aistriú amach as Baile Átha Cliath ar na mallabhbh. Bhí ar an athair iad a bheith aige ó 10.30r.n. go 6.30i.n. gach ré Domhnach.

D'inis sé don chúirt nuair a bhí sé ann mí Lúnasa roimhe chun a iníonacha a fháil chuir sé scairt agus ní bhfuair sé freagra ann. Thug sé cuairt ar an teach agus ní raibh freagra ann. Ina dhiaidh sin, i mí Mheán Fómhair nuair a ghlaoigh sé ar a iníon ab shine nach mbeidh sí ann mar go raibh sí ag fanacht le cara dá cuid.

An tseachtain ina dhiaidh rinne sé iarracht na leanaí a fheiceáil arís. Tháinig sé chun iad a fháil ach dúirt bean a bhí ag stopadh

ann go raibh an teaghlach ar shiúl.

Ghlaoigh sé ar a iníon agus d'fhreagair a iarpháirtí ag rá go mbeidís ann ag 4.30 i.n. An deireadh seachtaine ina dhiaidh sin dúirt a iníon nach raibh sí in ann é a fheiceáil mar bhí sí ag dul a cuid gruaige a chóiriú.

D'inis an mháthair don chúirt go raibh na leanaí le bheith aige ar a ndeireadh seachtaine deireaneach i mBaile Átha Cliath ach níor ghlac sé iad agus gur chuir sin isteach orthu. Cuireadh na deirí seachtaine trína a chéile ina dhiaidh sin. Ag an deireadh seachtaine nuair a fhill siad ag 4.30 i.n. d'inis a hiníon di go ndúirt a athair nach mbeadh sé ansin go dtí sin mar gheall ar imeacht spóirt agus mar sin de d'fhan siad thar oíche le haintín oíche Shathairn. Rinne sí iarracht dul i dteagmháil leis an lá ar fad chun socruithe a chinntiú ach ní raibh freagra ann. Bhí gruaig a hiníne cóirithe ag an deireadh seachtaine mar go ndearna gaol í saor in aisce di.

“Níl uimhir theagmhála agam dó,” dúirt sí. “tá airsean scairt orm. Ní dhéanann sé amhlaidh. Scairteann sé ar [ainm na hiníne], agus é ag cur gach rud uirthi. An deireadh seachtaine seo a chuaigh thart, loic sé orthu. Sin an dara huair istigh sa mhí dheireanach. Dúirt sé go raibh a bhean chéile breoite.”

Dúirt an Breitheamh Furlong nach gcuirfeadh sé an mháthair i bpríosún as an ordú rochtana a bhriseadh ach go bpléifeadh sé leis mar athrú don ordú sin. Chuir sé roinnt coinníollacha leis: uimhreacha teagmhála le malartú; fón póca

*“Níl uimhir theagmhála agam dó,” dúirt sí. “tá airsean scairt orm. Ní dhéanann sé amhlaidh. Scairteann sé ar [ainm na hiníne], agus é ag cur gach rud uirthi. An deireadh seachtaine seo a chuaigh thart, loic sé orthu. Sin an dara huair istigh sa mhí dheireanach*

*An deireadh  
seachtaine ina  
dhiaidh sin dúirt a  
iníon nach raibh  
sí in ann é a  
fheiceáil mar bhí  
sí ag dul a cuid  
gruaige a chóiriú.*

le cur ag gabháil ar a laghad 24 uair an chloig roimh gach cuairt rochtana agus le fanacht ar siúl le linn na gcuartheanna; bhí ar gach páirtí leanúint ar aghaidh le rochtain a spreagadh; nach mbeadh socruithe ar bith eile déanta ar laethanta rochtain ar chúis ar bith. Dá mbeadh lá rochtana curtha ar ceal de bharr éigeandála, bhí orthu lá eile a shocrú; go ndéantar teagmháil idir na tuismitheoirí amháin agus gan é a dhéanamh ar na páistí, rud nach raibh ceart, agus chuirfeadh sé cosc ar mhíthuiscintí.

Bhain conspóid eile le hiarratas caomhnóireacht gasúr cheithre bliana d’aois ó athair Sasanach in éineacht le hiarratas ar rochtain gan mhaoirseacht. Bhí a iarphairtí ag cuardach cothabhála. Bhí ionadaithe ón mbeirt pháirtithe i láthair.

Dúirt aturnae an fhir chéile go raibh an rochtain an bhí ann faoi láthair, faoi mhaoirseacht na máthar móire máthartha, ag dul go maith. Ba mhian leis rochtain gan

mhaoirseacht chun caidreamh a fhorbairt lena leanbh.

Dúirt aturnae na máthar go raibh rochtain curtha ar fionraí tamall. Chuaigh iompraíocht an linbh in olcas ón am ar tháinig sé ar ais. Bhí siad ag moladh go raibh an chuairt trí huair an chloig rófhada agus go gcaithfear dhá chuairt uair an chloig go leith a dhéanamh ina áit. Ní raibh a cliant sásta comhaontú le caomhnóireacht ag an am seo.

Dúirt an t-athair go raibh bearna shé mhí i gcuartheanna ach go raibh siad ag dul ar aghaidh go maith anois. D’admhaigh se gur fhág sé thart ar 10 mbomaite go luath nuair a bhí an mháthair ag teacht mar chuaigh an leanbh chuici. “Bheadh sé deas í a fheiceáil ar bhonn beirte gan duine ag amharc orm an t-am ar fad,” a dúirt sé.

Le rochtain gan mhaoirseacht, dúirt sé gur féidir leis mealltachaí a fháil ar fud na cathrach. Dúirt sé go gceadófaí caomhnóireacht dó páirt ní ba mhó a ghlacadh i saol a iníne.

Maidir leis an mbearna ina gcuartheanna, d’admhaigh sé gur bhagair sé gan a iníon a fhilleadh i ndiaidh an chéad chuairt eile agus í a thógáil chuig an Ríocht Aontaithe.

Nuair a iarradh air faoin rochtain curtha ar fionraí dúirt an mháthair go raibh sí an-bhuartha faoin mbagairt seo mar bhí líomhain ag dul ar aghaidh go fóill ar mhí-úsáid ghnéasúil an linbh ag an athair mór nuair a bhí sí dhá bhliain d’aois. Rinne na gardaí fiosrúchán air seo agus bhí siad ag coinneáil an chomhaid oscailte go dtí go raibh sí ní ba shine. Bhí sé molta ag na hoibrithe sóisialta aistriú amach ón athair mór. Tháinig siad go hÉirinn agus d’fhan le chéile ar feadh bliain amháin ina dhiaidh sin. I ndiaidh dóibh briseadh suas bhí rudaí ag dul ar aghaidh go maith ar feadh tamaill, go dtí am na bagartha an leanbh a thógáil go dtí an Ríocht Aontaithe.

D’inis sí don chúirt gurb ón am a atosaiigh rochtain, thosaigh an leanbh, a bhí i ndiaidh

tosú ar scoil, ag fliuchadh na leapa gach oíche agus bhí spadhair aice. Bhí spadhar ann gach deireadh seachtaine nuair a insíodh di go mbeidh sí ag feiceáil a hathar. Dúirt sí nach raibh muinín aice san athair go leor le bheith ina chaomhnóir. Ar ábhair cothabhála, €40 an tseachtain, thug sí cuntas ar a cuid costas agus ioncam, a tháinig ó leas sóisialach. Bhí an t-athair ag obair agus ag saothrú €330 an tseachtain.

D'inis máthair mhór mháthartha don chúirt gur fhág an t-athair go luath i seacht as naoi gcuart. Mhóthaigh sí gur rófhada trí huair an chloig, d'éirigh an leanbh leadránach sa teach ag déanamh an ruda chéanna leis.

D'ardaigh an Breitheamh Furlong an chothabháil go €50 an tseachtain. Dúirt sé gur tháinig an drochliómhain ar mhí-úsáid ghnéasúil mar shuaitheadh don dá pháirtí agus bhí sé pléite ag an mbeirt acu go hoiriúnach. Chuir drochbhagairt an athar isteach go mór ar an máthair. Cúis aiféala a bhí ann ach pléadh é sin ag éisteacht roimhe seo, bhí an leithscéal gafa, agus bhí sé in am anois leanúint ar aghaidh. Ní raibh an t-athair cur isteach ar pas don leanbh gan ordú cúirte.

Fuair sé fiúntas sa mholadh go n-athraitear rochtain, le cuairt dhá uair an chloig ar an

Domhnach agus ceann eile le linn na seachtaine i ndiaidh na scoile. Bhí tús agus deireadh na cúirte seo bheith ag áras na seantuismitheoirí, ach gan a bheith teoranta ann, agus ba chóir go mbeadh duine de na seantuismitheoirí i láthair.

Ar ábhair chaomhnóireachta dúirt sé: “Creidim gur rud deimhneach i gcónaí é sin.” Rinne sé caomhnóir den athair, le príomhchaomhnóireacht agus príomhchúram ag an máthair.

Ar na trí iarratas ar orduithe cosanta, d'iarr seanbhean ceann acu in aghaidh a mhic fhásta. D'inis sí don chúirt go raibh sé i gcaidreamh ach nuair a bhí sé ag troid lena pháirtí d'aistrigh sé ar ais isteach léi. Agus bhí sé ag ól.

“Is é an duine is fearr sa domhan ach nuair a bhíonn se ar meisce, bíonn sé do mo mhí-úsáid,” a dúirt sí. Dúirt sí sa bhreis go raibh sí idirscartha. “Bhí an chuid uile seo óna athair. Tá sé á thabhairt ar ais dom.”

Thug an Breitheamh ordú cosanta agus d'inis sé di é a thabhairt chuig stáisiún áitiúil an Gharda. Sheirbheáilfeadh siad ar a mac é. Féadfaidh sí athnuachan a iarraidh mí an Mhárta.

# Lá i gCúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath: Ag tabhairt aire do na leanaí

*Tá tú ag diúltú do gach rud. Tá tú ag cur baic ar gach moladh, a dúirt an breitheamh*

Cuireadh roinnt iarratas ar cead rochtana faoi bhráid an Bhreithimh Hugh O’ Donnell i rith thréimhse na Nollag, agus cross-iarratais ar chothabháil chomh maith. Bhain cásanna eile le hiarratais ar orduithe cosanta agus urchoisc.

Bhí bean ag iarraidh gurbh aici amháin a bheadh coimeád leanbh a deirfear, le cead na máthar. Dúirt dlíodóir na bpáirtithe go raibh an mháthair tar éis a bheith i bpósadh foréigneach agus nárbh é a fear céile athair an linbh. Scar siad roinnt ama roimh an mbreith. Cheil sí ar a fear chéile go raibh sí ag iompar toisc go raibh eagla uirthi go nglacfadh an fear go dona leis. Go luath tar éis na breithe d’iarr sí ar a deirfiúr an leanbh a thógáil. Bhí an deirfiúr agus a fear céile sásta é seo a dhéanamh agus ba é an t-iarratas seo an chéad chéim i dtreo uchtú an linbh.

D’fhiafraigh an breitheamh den mháthair an raibh sí sásta gurbh iarratas le haghaidh coimeád aonair a bhí ann agus dúirt sise go raibh. Chonaic sí an leanbh go minic agus bhí an leanbh sásta a bheith lena deirfiúr. “Ní fhéadfainn aon dídean ceart a thabhairt di,” a dúirt sí. Bhí sé de rún aici insint di faoin bhfiorghaol a bhí eatarthu nuair a bheadh sí réidh lena aghaidh. Deonaíodh an t-iarratas.

D’iarr máthair óg cothabháil ó athair a linbh seacht mbliana d’aois. Dúirt an t-athair gur chríochnaigh sé le clár athshlánaithe drugaí bliain go leith ó sin agus nach raibh sé ag obair. Dúirt an mháthair go raibh ioncam €182 in aghaidh na seachtaine aici, i dteannta le sochar leanaí, agus nár leor an méid sin chun íoc as éide agus leabhair scoile, laethanta breithe a cheiliúradh agus costais eile, chomh maith leis an leanbh a chothú. De réir na hiníne, bhí an t-athair ag obair mar shiúinéir, a dúirt sí.

D’fhiafraigh an Breitheamh O’ Donnell de an raibh sé ag obair mar shiúinéir agus dúirt sé nach

raibh. Rinne sé roinnt siúinéireachta roimhe sin ach ní raibh aon pháipéir aige. Bhí sé ag úsáid drugaí ar feadh thart ar 10 mbliana. Dúirt sé nach raibh cead rochtana ceart aige ar a iníon.

D’ordaigh an breitheamh cead rochtana ó 11am go 3.30pm ar an Satharn agus ar an Domhnach, agus cothabháil €50 in aghaidh na seachtaine. “Cá bhfaighinnse €50?”, a d’fhiafraigh an t-athair. “Táim ag an gcoláiste, i mo chónaí i seomra bagáiste in éineacht le mo thuismitheoirí”. “Caithfidh tú pizzanna a rith nó rud dá shórt. Fút féin é,” a dúirt an breitheamh.

I gcás eile a bhain le cead rochtana, bhí máthair agus deirfiúr an athar ag iarraidh cead rochtana ó mháthair an linbh. Ní raibh an tríú iarrthóir, athair an linbh, sa chúirt toisc é a bheith san ospidéal tar éis gur teascadh a leathchos de mar gheall ar é a bheith spleách ar na drugaí.

Dúirt an tseanmháthair nach ligfeadh an mháthair di a garmhac a fheiceáil. Dúirt dlíodóir na máthar gur leanbh é seo a ndearnadh díobháil mhór dó, gur aithníodh ina uathach é, agus go raibh deacrachtaí foghlama aige. Bhí an mháthair ina cónaí i mBaile Átha Cliath agus an tseanmháthair i mBaile mór thart ar 30 míle ar shiúl. Nuair a fiafraíodh de cén fáth nár cheart don tseanmháthair é a fheiceáil, dúirt an dlíodóir: “Tá an leanbh thar a bheith suaite ina intinn. Bíonn an-ínní air má thógtar óna mháthair é.”

“Ní thógfaidh duine ar bith óna mháthair é. Cuma cén cead rochtana a dheonóinn, bheadh faire air i dteach do chliaint,” a dúirt an breitheamh.

“Ní dóigh liom go ligfeadh an mháthair isteach sa teach mé,” a dúirt an tseanmháthair. Nuair a

fiafraíodh di an mbainfeadh sí leas as cead rochtana i dteach an linbh, d’fhreagair sí: “Ní bheadh fáilte romham ann.”

“Easláine an-deacair atá san uathachas. Ní mór súil a choinneáil air. Má thugtar cead rochtana duit, is in áit a bhfuil aithne mhaith ag an leanbh air a gheobhaidh tú é,” a dúirt an Breitheamh O’Donnell. Bhí súil ag an tseanmháthair go dtabharfadh an mháthair an leanbh léi chun an bhaile mhóir ina raibh cónaí uirthi.

Dúirt an dlíodóir gur chaith an leanbh cuid mhaith uaireanta in aghaidh an lae ar scoil speisialta agus d’fhiafraigh an breitheamh an bhféadfaí cead rochtana a thabhairt ansin. “Ní féidir iarraidh ar na múinteoirí páirt a ghlacadh sa chineál seo díospóide,” a dúirt an dlíodóir. “Níor iarr tú orthu é. Tá tú ag diúltú do gach rud gan breathnú air. Tá tú ag cur baic ar gach moladh,” a d’fhreagair sé.

D’fhiafraigh an breitheamh den mháthair cén fáth nach ligfeadh sí don tseanmháthair an leanbh a fheiceáil. “Bíonn sí i gcónaí ag rá nár chuir sí isteach idir mé féin agus a mac ach chuir,” a dúirt sí. “Nuair a fuair mé ordú cosanta ina choinnsean ghlaoiigh sí orm agus dúirt sí, ‘Táim ar buile. Fan go bhfaighe mé greim ort.’ Is é an t-aon fháth a bhfuil sí anseo ná le cead rochtana a fháil dá mac. Ceapann sí go bhfuil seans nach bhfaighidh sé é toisc na handúile atá aige sa hearóin.”

Dúirt an breitheamh go raibh scéal fada taobh thiar de seo. “B’fhéidir go bhfuil idirghabhálaí éigin ann a d’fhéadfadh síocháin a dhéanamh sa teaghlach seo,” a dúirt sé. Chuir sé an cás ar atráth go mí Aibreáin, agus d’iarr sé ar na páirtithe socrú eatarthu an raibh áit neodrach ann ina bhféadfaí cead rochtana a thabhairt agus faire neamhspleách a dhéanamh.

Dúirt bean a bhí ag iarraidh ordú urchoisc agus ordú sábháilteachta i gcoinne a comhpháirtí gur bhagair seisean scaoileadh uirthi féin agus ar a leanaí le gunna ceadúnaithe. Bhí seisean i láthair ag an gcúirt. Ní raibh ionadaíocht dhlíthiúil ag ceachtar acu. Ba léir go raibh crith uirthi agus í i gClár na Mionn, ag tabhairt fianaise gur tháinig seisean chuig an doras aici thart ar 2.15r.n., agus go ndúirt sise leis bailiú leis. “Tóg go réidh é. Ól deoch uisce,” a dúirt an breitheamh.

“Dúirt sé go maródh sé mise agus na leanaí. Chuaigh sé ansin chun an gunna a fháil,” a dúirt sí, agus thosaigh ag gol. “An dtuigeann sé cén anacair atá tú a chur uirthi?” a d’fhiafraigh an breitheamh den fhear.

“Tá 90 faoin gcéad de fíor. Táim ag iarraidh go gcuirfead mo cheadúnas [gunna] ar ceal. Tá an-aiféala orm faoi,” a dúirt sé, ag rá freisin gur bhagair a chomhpháirtí air go dtabharfadh sí ar dhuine é a mharú. “Ordú urchoisc ar feadh trí bliana,” a rialaigh an breitheamh.

“Le do thoil, a dhuine uasail. Mo mhac, a dhuine uasail, is aoibhinn le mo mhac mé. Ionsaíodh i mo theach féin mé. Ise a d’ionsaigh mé. Ná bíodh mo mhac thíos leis.” Téigh suas staighre agus faigh toghairm rochtana,” a mhol an Breitheamh O’Donnell.

“Tá gach rud ar liom é sa teach sin”, a dúirt sé. “Cén chaoi a bhfaighidh mé é? Ní féidir liom dul in aice léi. Ní labhróidh sí le héinne. Ní labhróidh sí le mo mháthair. Tá gnó agam. Cén chaoi a bhfaighidh mé mo chuid stuif anois? Tá mo shaol críochnaithe.”

“Socróidh tú é,” a d’fhreagair an breitheamh. “Ní shocróidh mé trí na cúirteanna seo é. Níl caoi ar bith air seo,” a dúirt an fear, ag plabadh an dorais dó agus é ag fágáil na cúirte.

*“Dúirt sé go maródh sé mise agus na leanaí. Chuaigh sé chun an gunna a fháil.”*

*“Le do thoil, a dhuine uasail. Mo mhac, a dhuine uasail, is aoibhinn le mo mhac mé. Ná bíodh mo mhac thíos leis.”*



# Cás i ndiaidh Cáis: Mí i gCúirt Teaghlaigh Chuarda Bhaile Átha Cliath

Tar éis di anailís a dhéanamh ar gach ar chinn Cúirt Teaghlaigh Chuarda Bhaile Átha Cliath in imeacht míosa, dar le **Carol Coulter** go socraítear an chuid is mó de na cúiseanna, gur minic a shocraítear go tapa iad, agus go leanann na daoine atá i gceist ar aghaidh lena saol.

**T**oisce gan an t-eolas a bheith ag an daoine, is beag a thuigtear cén chaoi a bhfeidhmíonn an dlí teaghlaigh sa tír seo. Mar gheall ar an riail *in camera* níl cead isteach ag breathnóirí sa chúirt, ach chomh maith leis sin níl mórán staitisticí le fáil faoina dtarlaíonn sa chúirt, agus iad sin féin gan a bheith mionsonraithe.

D'fhoilsigh an tSeirbhís Chúirteanna staitisticí ginearálta faoin líon colscarthaí, idirscarthaí breithiúnacha, neamhniú agus orduithe i leith foréigin teaghlaigh agus cothabháil ar cuireadh isteach orthu agus a deonaíodh gach bliain, ach go dtí seo níorbh fhéidir na figiúirí seo a bhriseadh síos go mion.

Obair do staitisteacha agus do ghairmiúlaigh TF é an tasc seo sa chéad dul síos. Mar sin féin, ba cheart go mbeadh roinnt eolais ar an gcaoi a bhfeidhmíonn na cúirteanna teaghlaigh le fáil ó na cuntais oifigiúla.

I 2005 socraíodh breis is 97 faoin gcéad de na colscarthaí agus idirscarthaí breithiúnacha ar fad sna Cúirteanna Chuarda, 4,341 san iomlán. Socraíodh breis is an tríú cuid díobh seo i mBaile Átha Cliath, áit ar deonaíodh 1,126 colscaradh agus 309 idirscaradh breithiúnach. Freisin socraíodh 380 achomharc Cúirte Dúiche anseo, rud a thugann le tuiscint go socraíonn Cúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath thart ar an tríú cuid de na colscarthaí agus idirscarthaí breithiúnacha ar fad a dheonaítear sa Stát.

## Pictiúr úsáideach

Cé gur dócha nach mar a chéile cásanna Bhaile Átha Cliath agus gach cás dlí teaghlaigh a éistear in Éirinn (ní bhainfidh mórán díobh le socruithe faoi fheirm an teaghlaigh, mar shampla), cabhróidh athbhreithniú ar na cúiseanna seo thar thréimhse áirithe le pictiúr úsáideach a chur ar fáil. Ós rud é go léiríonn sé ceantar amháin i bhfráma ama amháin, is mó is ‘ghrianghraf’ é ná ‘sampla’.

Roghnaigh mé Deireadh Fómhair 2006 i gCúirt Chuarda Teaghlaigh Bhaile Átha Cliath agus bhreathnaigh mé ar na cásanna a bhí liostaithe ar chóras ríomhairí na Seirbhíse Cúirteanna siar go tús 2003, an chéad bhliain a logáladh na cásanna ar fad isteach ar an gcóras ríomhaireachta nua. D'aithnigh mé 183 cás san iomlán a socraíodh ón 3<sup>ú</sup> Deireadh Fómhair go 31<sup>ú</sup> Deireadh Fómhair, lena n-áirítear 22 achomharc ón gCúirt Dúiche.

Taispeánann na taifid ríomhaire cé chomh fada a mhair siad, cé mhéad díobh a socraíodh, cé mhéad a chuaigh os comhair éisteachta iomláine, agus cé na orduithe a rinneadh. Níor thug na taifid ríomhaire ábhar aon chomhaontaithe le fios (tugtar ‘toilithe’ orthu seo) ar comhdaíodh é agus a ndearnadh riail chúirte as, agus bhreathnaigh mé orthu sin astu féin. De ghnáth thug orduithe d’idirscaradh breithiúnach dáta an phósta le fios agus mar sin d’fhéadfaí a thuiscint ó na taifid ríomhaire cé chomh fada seachas a chéile a mhair na póstaí éagsúla seo a chríochnaigh san idirscaradh nó sa cholscaradh.

Scrúdú láimhe a rinne mé ar na taifid go bunúsach, ag dul siar tharstu go léir chun breithiúnais Dheireadh Fómhair a fheiceáil. Rinne mé scrúdú láimhe freisin ar na comhaid pháipéir sna cásanna inar comhdaíodh na

toilithe. Sheiceáil mé na figiúir arís agus arís eile agus táim sásta go bhfuil siad cruinn níos nó ná 98 faoin gcéad.

### Ceithre lá a thóg an cás ba thapa

Socraíodh 161 cás san iomlán i mBaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair 2006, agus cuireadh tús le 99 cás díobh seo níos luaithe sa bhliain. Ainneoin a gceapann go leor, is féidir roinnt cásanna a shocrú go han-tapa. Bhain an cás ba thapa le colscaradh, inar thoiligh an bheirt pháirtí, inar taisceadh na páipéir ar 23ú Deireadh Fómhair agus inar deonaíodh an t-ordú ceithre lá ina dhiaidh. Dar le foireann na cúirte, is féidir dlús a chur le hordú má tá tinneas a bháis ar dhuine de na páirtithe. Seachas é sin, thóg an cúrsa ba ghiorra sé sheachtain ón cuireadh an t-iarratas isteach go dtí an t-ordú deireanach. (Féach figiúr 1)


### Comhaontú luath

As na 99 cás a thosaigh i 2006, iarratais ar cholscaradh inar thoiligh an bheirt pháirtí le téarmaí an cholscartha ab ea 81 acu. I gcás 65 díobh seo ba é an t-aon ordú a rinneadh ná ordú blocála, a chuir deireadh le cearta oidhreachta na beirte maidir le heastát an pháirtí eile. I sé chás eile chuaigh ordú coigeartaithe pinsin, a d'fhéadfadh a bheith ainmniúil, in éineacht leis an ordú úrchoisc. Mar sin ní raibh ceisteanna eile, mar theach an teaghlaigh, aon mhaoin eile, cothabháil agus coimeád leanaí ina gcuid den socrú agus níor comhdáíodh iad mar riail chúirte ach i gcás colscartha amháin as 10 cás.

Tugann sé seo le fios go socraítear go leor ceisteanna níos luaithe sa phróiseas nuair atá na hiarrthóirí ar cholscaradh tar éis teacht ar chomhaontú idirscartha nó nuair atá idirscaradh breithiúnach curtha díobh acu. Faoin am a gcomhlíonann siad an coinníoll go gcaithfidh siad maireachtáil scartha óna chéile ar feadh ceithre bliana de na cúig bliana roimhe, bíonn an chuid is mó de na ceisteanna conspóideacha réitithe.

Bhí toilithe mar thoradh ar naoi n-iarratas as na hiarratais ar idirscaradh breithiúnach a cuireadh tús leo an bhliain sin, agus comhdáíodh na téarmaí mar sceidil nó rialacha cúirte. As cásanna eile 2006, chuaigh trí chás (dhá

**Figiúr 1 Cásanna curtha i gcrích Deireadh Fómhair 2006 Bliain an iarratais**



**An líon iomlán cásanna a socraíodh: 183**

- larratais curtha isteach i 2006
- larratais curtha isteach i 2005
- larratais curtha isteach i 2004
- larratais curtha isteach i 2003

cholscaradh agus idirscaradh breithiúnach amháin) chuig éisteachtaí iomlána agus breithiúnas, agus bhain sé chás eile le ceisteanna mar choimeád leanaí, dearbhuithe tuismíochta, agus orduithe cosanta nó sábháilteachta.

### Socraíodh an chuid is mó de chásanna

Ba lú na colscarthaí le toiliú i measc na gcásanna a cuireadh tús leo sna blianta roimhe sin. As na cásanna a thosaigh i 2005 deonaíodh 14 colscaradh agus 11 idirscaradh breithiúnach le toiliú. Chuaigh dhá cholscaradh agus ceithre idirscaradh bhreithiúnacha chuig éisteacht iomlán a raibh breithiúnas ag an gcúirt mar thoradh air. As cásanna na bliana 2004, colscarthaí le toiliú ab ea dhá cheann díobh, idirscarthaí breithiúnacha le toiliú ab ea ocht gcinn, agus chuaigh trí cholscaradh agus dhá idirscaradh bhreithiúnacha chun trialach. As cásanna 2003 socraíodh sé chás colscartha, socraíodh cúig idirscaradh bhreithiúnacha freisin, agus chuaigh dhá cholscaradh ar aghaidh go héisteacht iomlán.

Mar sin as na 161 chás a críochnaíodh i nDeireadh Fómhair, colscarthaí inar aontaíodh na téarmaí idir na páirtithe ab ea 103 acu, agus idirscarthaí breithiúnacha inar aontaíodh na

téarmaí ab ea 33 acu. Chuaigh sé chás déag ar aghaidh go héisteacht iomlán agus cinneadh cúirte. Bhain naoi gcinn as an iomlán le ceisteanna mar chaomhnóireacht, dearbhuithe tuismíochta nó cosanta. (féach figiúr 2)

### Conspóid i 10 faoin gcéad

Léiríonn na figiúirí seo nach dtroidtear ach 10 faoin gcéad de chásanna dlí teaghlaigh go dtí an deireadh. Ainneoin a gceapann go leor, socraítear an chuid is mó díobh agus leanann na daoine atá i gceist iontu ar aghaidh lena saol.

Tá sé soiléir ó na comhaid go bhféadfadh an socrú teacht ag staideanna éagsúla agus go bhféadfadh sé teacht tar éis blianta díospóide géire agus idirbheartaíochtaí fada. Mar shampla, ba mhinic a chuaigh cásanna a thosaigh i 2003 nó 2004 os comhair go leor éisteachtaí a bhain le ceisteanna mar fhollasú agus cead rochtana ar leanaí sula chríochnaigh siad faoi dheireadh le socrú. Uaireanta téann orduithe cúirte mar orduithe coigeartuithe pinsin agus maoinne in éineacht leis na

socruithe seo. I gcásanna eile inar cláraíodh suas le 20 láithreas cúirte, taispeánann na comhaid gur troideadh cath mór sular thángthas ar an socrú deireanach.

Ach chríochnaigh cásanna eile le comhaontú nach beag idir an bheirt iarchéilí. Tá sé le tuiscint as an líon mór colscarthaí nach ndearnadh aon orduithe iontu ach orduithe blocála, a chuir deireadh le cearta comharbais a chéile, gur fearr le go leor lánúnacha ‘briseadh glan’ a dhéanamh chun deireadh a chur lena bpóstaí.

### Leanaí agus cothabháil


Ag an taobh eile den speictream tá na cásanna a troideadh an bealach ar fad. Anseo is cosúil go mbaineann na príomhfhadhbanna le coimeád leanaí agus cothabháil, agus bhí leanaí i gceist in aon chás déag de na sé cinn déag a troideadh go hiomlán. I sé cás as 11 cás ordáíodh comhchoimeád, agus de ghnáth bheadh an leanbh nó na leanaí ina gcónaí leis an máthair agus d’aontódh na páirtithe ar chead rochtana nó leagfadh an chúirt síos é tar éis an fhianaise a éisteacht.

D’fhéadfadh orduithe cúirte faoi chead rochtana socruithe casta a chur san áireamh chun a chinntiú go gcaitheann an leanbh dóthain ama leis an mbeirt thuismitheoirí. De ghnáth, séard a d’fhéadfadh a bheith i gceist le socruithe den sórt sin ná go gcaithfeadh an leanbh gach ré deireadh seachtaine agus oíche nó dhó i rith na seachtaine leis an athair, agus go mbeadh cónaí air leis an máthair an chuid eile den am, cé go bhfuil eisceachtaí ann.

I dtí chás tugadh coimeád don mháthair amháin. I gceann amháin de na cásanna seo ní raibh an t-athair i láthair sa chúirt agus i gcás eile níor tugadh ach cead rochtana faoi aireachas dó, rud a thabharfadh le fios gur chreid an chúirt a raibh curtha in leith maidir le drochúsáid. In dhá chás ní dearnadh aon ordú caomhnaithe cé go ndearnadh orduithe maidir le cothabháil, rud a thabharfadh nárbh fhadhb é an coimeád.

Uaireanta cuireadh orduithe a bhain le leanaí le chéile le horduithe a bhain le maoin, cothabháil agus le teach an teaghlaigh, cé

**Figiúr 2 Cásanna curtha i gcrích Deireadh Fómhair 2006**  
**Cineál cásanna**



**An líon iomlán cásanna a socraíodh: 183**

- Colscaradh Toilithe
- Idirscaradh Breithiúnach Toilithe
- Achomharc Cúirte Dúiche.
- Colscaradh breithnithe tar éis éisteachta
- Idirscaradh Breithiúnach breithnithe tar éis éisteachta
- Eile

gurbh iad seo na ceisteanna deireanacha seo amháin a socraíodh i gcásanna eile. Bhí cothabháil i gceist i 11 chás. Bhí éagsúlacht mhór idir na suimeanna a ordaíodh, rud a léiríonn is dócha go raibh difríocht ann idir cúinsí eacnamaíocha na n-iarrthóirí. I gcás amháin ordaíodh íocaíocht chothabhála €8 in aghaidh na seachtaine do gach leanbh agus i gcás eile ordaíodh don fhear céile €1,550 in aghaidh na míosa a íoc, a raibh €650 de ag dul don bhean agus €300 do gach duine den triúr leanaí. Ba é seo an t-aon chás amháin as na 16 chás ar ordaíodh cothabháil don bhean chéile agus do na leanaí araon ar bhonn leantach.

I gcás ina raibh maoin mhór á roinnt, ordaíodh don fhear céile €866.66 a íoc in aghaidh na míosa chun leanbh na lánúine a chothabháil. I gcás amháin ba í an t-aon chothabháil amháin a bhí ann ná ranníocaíocht €300 um Nollaig a chaithfeadh an fear a dhéanamh. Ní féidir a fháil amach ó thaifid na Seirbhíse Cúirteanna cén t-ioncam a bhí ag an bhfear céile i gceachtar chás.

Go ginearálta, bhí na híocaíochtaí cothabhála a d'ordaigh Cúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath i nDeireadh Fómhair idir €100 go €150 in aghaidh na seachtaine in aghaidh an linbh. In dhá chás bhí an chothabháil socraithe cheana ag an gCúirt Dúiche agus ní ordaíodh an méid. Ní raibh ach chás amháin ann nach raibh aon leanbh cleithiúnach agus ordaíodh cothabháil €120 in aghaidh na seachtaine don bhean chéile.


**Teach an teaghlaigh**

Socraíodh céard a dhéanfaí le teach an teaghlaigh i 11 chás de na 16 chás. Ordaíodh é a dhíol i gcúig chás agus an t-airgead a gheofaí air a roinnt 50/50 (trí chás) nó 60/40 (an chuid mhór don fhear céile i gcás amháin, agus don bhean chéile i gcás eile). In dhá chás bhí an teach le díol nuair nach mbeadh an leanbh ab óige cleithiúnach a thuilleadh agus an t-airgead le roinnt 50/50 ansin. In dhá chás eile, tugadh leas an fhir chéile don bhean agus in dhá chás tugadh an ceart di cónaí in teach an teaghlaigh go deireadh a saoil.

Sa dá chás dheireanacha seo b'fhánach an chothabháil a ordaíodh do na leanaí (€8 do gach leanbh in aghaidh na seachtaine i gcás

**Figiúr 3 Cásanna curtha i gcrích Deireadh Fómhair 2006 Fad an phósadh a chríochnaíonn i gColscaradh**

**Nóta:** Níl dáta an phósadh ar chomhaid chuid de na cásanna



**Líon iomlán cásanna curtha i gcrích: 113**

- 5 bliain nó níos lú
- 6-10 mbliana
- 11-15 bliain
- 16-20 bliain
- 21-25 bliain
- 26-30 bliain
- 31-35 bliain
- 36-40 bliain
- Níos mó ná 40 mbliana

amháin, ní ordaíodh aon chothabháil sa chás eile) rud a thabharfadh le tuiscint gur thóg leas an fhir chéile a aistríodh áit na cothabhála. I gcás amháin inar aistríodh teach an teaghlaigh don bhean chéile ní ordaíodh aon duine i láthair ar son an fhir chéile agus sa chás eile deonaíodh colscaradh gan aon orduithe eile.

Bhí fadhbanna maoine eile i gceist in dhá chás inar cuireadh orduithe coigeartuithe pinsin ar atráth agus chás amháin inar ordaíodh cnapshuim scoir an fhir chéile agus coigiltis an teaghlaigh a roinnt 50/50. Bhí chás amháin freisin ann inar ordaíodh trí mhaoín bhreise (teach/talamh) a dhíol i dteannta le teach an teaghlaigh agus an t-airgead a roinnt 50/50 idir an fear agus an bhean.

**Fad an phósta**

Ní cosúil gur fachtóir mór é fad an phósta maidir leis an geríoch a thagann leis, más colscaradh nó idirscaradh breithiúnach é. I measc na gcolscarthaí a deonaíodh, deonaíodh trí cinn ar dhaoine a bhí pósta ar feadh níos mó ná 40 bliain agus deonaíodh 18 cinn do dhaoine

a bhí pósta ar feadh níos mó ná 30 bliain. Bhí meascán cothrom de dhaoine eile ann a bhí pósta ar feadh tréimhsí idir sé bliana agus 30 bliain sa chuid eile díobh. (Féach figiúr 3)

Ar ndóigh ní gá gurb ionann an dáta a deonaíodh an colscaradh agus an uair a tháinig deireadh leis an bpósadh. Is minic a iarrtar colscaradh na blianta tar éis idirscartha, comhaontú scartha nó idirscaradh breithiúnach, áit a scartar i gceart gnóthaí na beirte agus a réitítear cúrsaí a bhaineann le leanaí, cothabháil agus maoin mar ba chóir. Tugann na colscarthaí a deonaíodh nár iarradh iontu ach orduithe a chuir deireadh le cearta comharbais le tuiscint go raibh comhaontuithe den sórt ann níos luaithe.

D’fhéadfadh sé gur fearr an comhartha é fad an phósta sula n-iarrtar idirscaradh breithiúnach ar an uair a theip ar an bpósadh. Ach tá éagsúlacht mhór anseo freisin: fuair dhá lánúin idirscaradh breithiúnach tar éis dóibh a bheith pósta níos lú ná cúig bliana, agus fuair lánúin amháin é tar éis 40 bliain. Deonaíodh trí idirscaradh bhreithiúnacha do dhaoine tar éis dóibh a bheith pósta breis is 30 bliain. (Féach figiúr 4)

**Toilithe**

Comhdaíodh toilithe sa chúirt i 64 de na cásanna a socraíodh i gCúirt Teaghlaigh Chuarda Bhaile Átha Cliath i nDeireadh Fómhair. Bhí 48 díobh seo le fáil chun anailís a dhéanamh ar na téarmaí, bhí baint ag 28 díobh le hidirscaradh breithiúnach, 18 le colscaradh agus dhá cheann le caomhnóireacht.

**Leanaí**


Rinneadh comhaontuithe maidir le leanaí i 21 cás, agus tagraíodh do choimeád agus do chead rochtana in 18 díobh seo. I 16 chás aontaíodh ar chomhchoimeád, bheadh cónaí ar an leanbh nó na leanaí go príomha leis an máthair in 11 chás, agus roinnfí an t-am go cothrom i gcúig chás. In dhá chás bhí coimeád ag an mbean chéile amháin, agus cead rochtana ag an bhfear.

Sa chuid is mó de na cásanna bhí an cead rochtana “mar a bhí aontaithe” nó de réir comhaontuithe mionsonraithe a tugadh don chúirt: de ghnáth leag siad seo síos go gcaithfeadh an leanbh nó na leanaí dhá dheireadh seachtaine in aghaidh na míosa agus oíche amháin sa tseachtain ar a laghad leis an athair, agus bhí tuilleadh socruithe mionsonraithe faoi thréimhsí féilte agus laethanta saoire. I gcás amháin bhí caint ar mhianta na leanaí maidir le cead rochtana. (Féach figiúr 5)

D’aontaigh an t-athair cothabháil a íoc do na leanaí sa chuid is mó de chásanna, ach níor aontaigh i ngach cás. Bhí na suimeanna éagsúil ag dul ó €100 do gach leanbh in aghaidh na míosa agus €173 in aghaidh na seachtaine (thart ar €700 in aghaidh na míosa). In dhá chás níor aontaíodh ar aon chothabháil, seachas clúdach VHI i gceann amháin, agus sa chás eile d’admhaigh an bhean chéile go raibh an fear ag fáil níos lú ná mar a bhí ag dul dó de theach an teaghlaigh in áit cothabhála. In dhá chás eile, níor aontaíodh ar aon chothabháil eile seachas leath chostas oideachais agus leighis an linbh nó na leanaí. Sa 13 chás eile inar aontaíodh ar shuimeanna airgid, bhí an meánráta beagán níos mó ná €400 in aghaidh na míosa. Ní raibh an méid a aontaíodh níos lú ná €75 in aghaidh na seachtaine ach i dtrí chás.

**Figiúr 4 Cásanna curtha i gcrích Deireadh Fómhair 2006 Fad an phósta a chríochnaigh in Idirscaradh Breithiúnach**

**Nóta:** Níl dáta an phósta ar chomhaid chuid de na cásanna



**Líon iomlán cásanna curtha i gcrích: 42**

- 5 bliana nó níos lú
- 6-10 bliana
- 11-15 bliain
- 16-20 bliain
- 21-25 bliain
- 26-30 bliain
- 31-35 bliain
- 36-40 bliain
- Níos mó ná 40 mbliana
- Ní deirtear



B'annamh a íocadh cothabháil leis na mná céile agus bhí éagsúlacht mhór idir na suimeanna. In dhá chás inar íocadh cothabháil freisin do leanaí cleithiúnacha, íocadh €400 agus €580 do na mná céile faoi seach. I gceann amháin de na trí chás inar íocadh cothabháil do na mná céile gan aon leanaí cleithiúnacha a bheith ann, bhí €571.38 le híoc ar feadh ceithre míosa go dtí go mbeadh an bhean incháilithe don phinsean seanaoise neamhranníochach, nuair a thiocfadh deireadh leis seo. Ach tugadh seilbh di ar theach an teaghlaigh. I gcás eile áit a bhfuair an bhean chéile cothabháil di féin amháin, fuair sí €400 cé go bhfuair an bhean sa chás eile a cheithre oiread sin.

### Roinnt na maoinne


Tá sé soiléir ó na toilithe gur fearr leis na lánúnacha 'briseadh glan' a dhéanamh ná an nasc a bhíonn i gceist le cothabháil. Go minic déantar é seo amach trí theach an teaghlaigh a chomhroinnt go leatromach in áit na cothabhála. Íocadh cúpla cnapshuim freisin.

Roinneadh socrúithe faoi theach an teaghlaigh i 43 chás. In 26 cás aistríodh don bhean chéile é, de ghnáth tar éis gur íocadh suimeanna idir €20,000 agus €320,000. Ní aon mhíniúchán ar na suimeanna seo cláraithe ach d'fhéadfaí na héagsúlachtaí a chur i leith luach an tí agus an morgáiste atá gan íoc agus freisin an raibh nó nach raibh cothabháil á íoc freisin. Ba mhinic, cé nár tharla sé i gcónaí, a leagadh síos go nglacfadh an bhean chéile freagracht as an morgáiste agus i gcás amháin as na 26 chás leanann an fear céile air ag íoc an mhorgáiste.

I gceithre chás de na 43 chás tharla sé go raibh an teach i seilbh ná mná céile cheana nó go raibh cead aici cónaí ann gan an úinéireacht bheith sonraithe. I dtrí chás aontaíodh go n-aistreofaí don fhear céile é, ar na suimeanna €10,000, €110,000 agus €210,000 faoi seach.

Sna 10 chás eile, aontaíodh go ndíolfaí teach an teaghlaigh, agus go roinnfí an fáltas. Bhí cóimheas na roinnte ag dul ó 50/50 (i dtrí chás) go 75/25, agus ba í an mhéanréimse ná 45 faoin gcéad don fhear céile agus 55 faoin gcéad don bhean chéile. (Féach figiúr 6)

**Figiúr 5 Ceadanna comhdaithe Deireadh Fómhair 2006 Coimeád agus rochtain**



### An líon iomlán cásanna atá comhdaithe: 18


- Comhchoimeád, príomh-áit cónaithe leis an máthair, rochtain aontaithe
- Comhchoimeád, áit cónaithe roinnte nó gan a bheith sainithe
- Coimeád aonair don mháthair, rochtain don athair.

### Pinsin

Bhí baint ag pinsin agus sócmhainní eile i 42 cás as na 48 cás atá le fáil le haghaidh anailíse ach sa chuid is mó acu seo tagraíodh do na pinsin seo chun a dhéanamh soiléir nach raibh aon éileamh ann nó go raibh ordú ainmniúil coigeartuithe pinsin á dhéanamh (le haghaidh 0.001 faoin gcéad den phinsean). In dhá chás as na 42 cás aontaíodh go bhfaigheadh an bhean chéile 50 faoin gcéad de phinsean an fhir chéile, agus in dhá chás eile go mbeadh sí fós ina tairbhí dá phinsean teagmhasach (dá bhfaigheadh sé bás). I gcás eile fuair an bhean chéile aisíocaíocht ar ranníocaíochtaí pinsin an fhir.

Árachas saoil is mó a bhí i gceist le haon choigeartú airgeadais eile, chun cothabháil na leanaí nó íocaíocht morgáiste a chinntiú. Aontaíodh ar íocaíochtaí den chineál sin i sé chás. I gcás eile, fuair an bhean chéile leath de choigiltis an teaghlaigh agus, san aon chás amháin inar chosúil go raibh go leor acmhainní ann, aistríodh maoin agus teach an teaghlaigh don bhean chéile i dteannta le €25,000 i dtreo a costas dlí. Sa chás seo, ina raibh colscaradh tar éis 36 bliana pósta i gceist, scaoileadh ordú cothabhála na hArd-Chúirte, rud a chiaillaíonn go raibh aistriú maoinne ach gan aon tacaíocht leantach airgeadais.

In 20 as na 42 cás dhearbhaigh na páirtithe go sonrach nach raibh aon éileamh acu ar phinsean ná ar shócmhainní a chéile. (Féach figiúr 7)

**Figiúr 6 Ceadanna agus Diúscairt Theach an Teaghlaigh, comhdaithe Deireadh Fómhair 2006**

**Líon iomlán cásanna curtha i gcrích: 43**

- Aistrithe chuig bean chéile\*
- Díolta agus na fáltais roinnte
- Eile
- Aistrithe chuig fear céile\*

\*Nuair a foctar suim airgid

I 13 as na 28 toiliú le idirscaradh breithiúnach bhí clásal ann gur socrú “iomlán agus deireanach” a bhí i gceist sa toiliú nó go mbeadh sé ceangailteach in aon imeachtaí colscartha a thiofadh. In dhá thoiliú colscartha dearbhaíodh freisin gur socrú “iomlán agus deireanach” a bhí ann.

### Tátal

Is cosúil ón scrúdú ar na rialacha cúirte ar thaobh amháin agus ar na téarmaí toilithe ar an taobh eile nach raibh aon difríocht mhór ann idir an toradh a bhí ar shocrú idirbheartaithe agus breithiúnas na

cúirte i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath. Is cosúil go dtagann coimeád leanaí, socrúithe rochtana, díol theach an teaghlaigh, cothabháil agus cúrsaí airgeadais eile laistigh de pharaiméadair leithne áirithe, cuma más de bharr idirbheartaithe nó cinneadh cúirte é.


Baineann difríocht amháin le leanaí, mar bhí an comhchoimeád mar thoradh ar bhunáite mhór na gcomhaontuithe idirbheartaithe ach deonaíodh an coimeád don mháthair amháin i dt trí chás as na 11 chás a troideadh. Ba mhó a bhí roinnt an phinsin i gceist sna cásanna aighnis freisin. Ach maidir le cothabháil leanaí bhí na suimeanna a dheonaigh na cúirteanna agus iadsan a aontaíodh trí hidirbheartaíocht an-chosúil lena chéile.

Ach ní féidir a rá gurb ionann na toilithe seo agus na horduithe a dhéantar nuair a thugtar breithiúnais, agus deireadh a bheith leis na himeachtaí. D’fhéadfadh éisteachtaí cúirte teacht ina dhiaidh chun na horduithe cúirte nó na toilithe a ndearnadh riail chúirte díobh a chur i bhfeidhm.

Séard a léiríonn siad go n-iarrann na páirtithe socrú deireanach go ginearálta ach nuair a bhíonn leanaí i gceist. De ghnáth, ach ní i gcónaí é, ciallaíonn leanaí cleithiúnacha go mbeidh cothabháil i gceist agus d’fhéadfadh tionchar a bheith acu ar a dtarlóidh do theach an teaghlaigh.

Ní bhfuair an bhean chéile íocaíochtaí leantacha cothabhála ach i seacht gcás as an iomlán de na 154 cholscaradh agus idirscaradh breithiúnach a bronnadh i gCúirt Teaghlaigh Chuarda Bhaile Átha Cliath, is é sin thart ar 5 faoin gcead.

Mar a dúirt mé thuas, is mó is ‘ghrianghraf’ an anailís seo ar an méid a tharla sa chúirt teaghlaigh is gnóthaí sa stát i rith tréimhse faoi leith. Cé nach gá go seasann sé do gach cúirt teaghlaigh sa tír, tugann sé tuairim de na torthaí lenar féidir a bheith ag súil ó imeachtaí le haghaidh colscartha nó idirscartha bhreithiúnaigh. Dá mbeadh an cumas teicneolaíochta ann chun anailís a dhéanamh ar gach ordú cúirte agus téarma a rialaíodh sa chúirt, d’fhéadfaí faisnéis a chur ar fáil do chleachtóirí agus don phobal freisin faoin méid ar féidir leo a bheith ag siúl leis nuair a thugann siad aghaidh ar imeachtaí den sórt sin.

**Figiúr 7 Ceadanna comhdaithe Deireadh Fómhair 2006 Pinsin agus sócmhainní eile**

**Líon iomlán ceadanna atá comhdaithe: 42**

- Aistriú chuid de phinsean
- Ordú coigeartaithe pinsin ainmniúil
- Socrú airgeadais eile
- Sainithe "gan éileamh" ar phinsean nó sócmhainní airgeadais eile

# Tá an pósadh thart agus tugtar an coimeád don mháthair

Thug **an Breitheamh Alison Lindsay** breithiúnas i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath i gcás a páirtéisteadh cheana. Lean an éisteacht ar aghaidh le croscheistiú an fhreagróra (fear céile), forchoimeádadh an breithiúnas agus tugadh níos déanaí sa tseachtain é. Chuir an bhean chéile isteach ar idirscaradh breithiúnach agus bhí 50 faoin gcéad de theach an teaghlaigh agus cead rochtana dá iníon naíonáin ag teastáil ón bhfear céile.

## Ná fíricí

**C**asadh an lánúin ar a chéile nuair a bhí an t-iarratasóir (bean chéile) ar shaoire sa Mheánmhuir oirthearach. Phós siad ansin i 2001 agus d'fhill siad ar Éirinn. Mhair siad ar feadh tamaill le muintir na mná céile sular bhog siad isteach ina dteach féin i 2003. Tháinig an éarlais ó iasacht comhar creidmheasa agus bhí morgáiste €180,000 ann, a d'íoc an bhean chéile. Bhí an teach i gcomhainm. Mháigh an fear céile gur íoc sé cuid de chostais an teaghlaigh, rud nár aontaigh an bhean chéile leis.

Freisin cheannaigh an lánúin suíomh i dtír bhunaidh an fhir chéile agus cláraíodh é seo ina ainmsean. Luach €10,000 a chuir an fear céile air ach chuir an bhean ina aghaidh seo freisin, ag rá go bhféadfadh sé gurbh fhiú suas le €100,000 é.

Rugadh leanbh don lánúin i 2005 agus scar siad go gairid ina dhiaidh. Bhí cead cuairteanna rochtana don leanbh ag an bhfear i dteach thuismitheoirí an chéile. Dúirt sé gur mhothaigh sé go raibh an t-atmaisféar ann míchompordach agus mhothaigh sé nach raibh 'am den scoth' aige lena iníon.

Bhí ordú cosanta agus ordú úrchoisc i gcoinne an fhir chéile. Cúisíodh é toisc gur bhris sé an t-ordú cosanta agus fuair sé pianbhreith sé míosa a cuireadh ar fionraí. Shéan sé gur bhagair sé ar a iar-bhean chéile, ag rá nach ndearna sé ach iarracht a dhéanamh a seomra codlata a oscailt le scríúire. Dúirt sé

nach raibh sé fíor gur bhagair sé uirthi leis an scríúire mar a mhaígh na gardaí.

Maidir le cúrsaí airgeadais, dúirt sé gur chuir sé airgead i leataobh chun an láithreán ina thír bhunaidh a cheannach. Dúirt an Breitheamh Lindsay go ndúirt an bhean chéile i bhfianaise a thug sí níos luaithe gur comhchoigilteas a bhí san airgead seo. D'aontaigh sé. Maidir le ranníocaíochtaí don teaghlach, dúirt sé gur cheannaigh sé earraí grosaeireachta don teaghlach. Mháigh an bhean chéile gur chuir sé airgead abhaile agus gur chaith sé ar chearrbhachas é agus gur bheag a thug sé don teaghlach.

Bhí cead rochtana ach ní raibh coimeád a iníne á iarraidh aige agus bhí sé sásta gealladh nach dtógfadh sé amach as an dlínse í. D'aontaigh sé freisin le rochtain in ionad comhphobail.

## An rialú

Dúirt an breitheamh gur ghlac sí leis go raibh roinnt foréigin sa phósadh agus easpa tuisceana idir an lánúin chomh maith le difríochtaí cultúrtha agus creidimh. Mar thoradh ar seo tugadh ordú úrchoisc agus cuireadh isteach ar an gcead rochtana d'iníon na lanúine. Bhí fadhbanna móra anois ann.

Ghlac sí leis go raibh an pósadh thart agus bhronn sí ordú idirscartha bhreithiúnaigh. Bhronn sí coimeád an linbh ar an mbean chéile amháin, chomh maith leis an bpríomhchúram agus leis an bpríomhrialú.



Bheadh cead rochtana ag an bhfear céile dhá uair sa tseachtain san ionad chomhphobail ar aontaigh sé dó agus níor mhór dó teachtaireacht téacs a chur chuig a bhean chéile le heolas ar na huaireanta a bheadh sé saor le haghaidh rochtana. Ansin thabharfadh sí an leanbh chuig an ionad agus d'fhágfadh sí ansin í ar feadh uair a chloig nó uair go leith. Dá n-éireodh go maith leis seo thar an gcéad sé mhí eile d'fhéadfadh sé an leanbh a thógáil chuig an bpáirc nó go hionad siopadóireachta, agus chuig a theach féin faoi dheireadh.

Chaithfeadh sé leanacht ar aghaidh ag íoc cothabhála €50 in aghaidh na seachtaine don leanbh.

Ghlac an breitheamh leis gur chuir sé airgead isteach sa teaghlach toisc nach bhféadfadh an teaghlach maireachtáil mura gcuirfeadh. B' fhiú €100,000 an teach anois. Ghlac sí leis freisin go raibh an bhean chéile ag íoc an mhorgáiste agus go leanfadh sí uirthi á dhéanamh. Bhí sé deacair a ranníocaíochtaí a mheas, ach shocraigh an breitheamh gurbh fhiú timpeall 20 faoin gcéad iad: chiallaigh sé go raibh leas €20,000 aige sa teach.

Ní raibh an bhean chéile ag iarraidh a leas sa láithreán thar lear a choimeád. Toisc í scaradh leis, laghdaíodh a leas-sean i dteach an teaghlaigh go €15,000. Dá n-íocfadh sí an méid seo leis d'fhéadfaí an teach a aistriú isteach go díreach ina hainm féin. Mura n-íocfadh, d'fhéadfadh sé 10 faoin gcéad de luach an tí a fháil nuair a dhíolfá é nuair a bheadh an iníon 18 bliana d'aois.

Ghlac an chúirt leis an ngealladh a thug sé coinneáil amach ó theach an teaghlaigh agus gan an leanbh a thógáil amach as an dlínse.

# Luíonn ceisteanna iompair go trom ar intinn an bhreithimh

Thug an Breitheamh James O'Donohoe breithiúnas i gCúirt Chuarda Chorcaí ar chás a bhain le hiarratas ar idirscaradh breithiúnach a thosaigh i mBealtaine 2005 agus ar éisteach ar feadh 18 lá é. Éisteach cás an iarrthóra agus thug an freagróir (bean chéile) an chuid dheireanach dá cuid fianaise sna laethanta roimh an mbreithiúnas.



## Na fíricí

**P**hós an lánúin i 1987 agus bhí triúir claimne acu: iníon (13) agus cúpla fireann (7). D'oibrigh an fear céile i ngnó teaghlaigh substaintiúil agus d'athraigh an teaghlach ó áit go háit le linn na ndeich mbliana tosaigh den phósadh, sular chuir siad fúthu arís i gCorcaigh i 1997. D'oibrigh an bhean chéile sa ghnó sna blianta tosaigh ach tar éis dóibh filleadh ar Chorcaigh d'oibrigh sí go lánaimseartha sa teach.

I 2003 d'éirigh an bhean chéile mór le fear i lánúin eile ar dlúthcháirde leo iad. D'inis sí dá fear faoi seo in Iúil 2004 agus is ansin a tháinig deireadh ó cheart leis an bpósadh, cé gur lean sí uirthi ag cónaí i dteach an teaghlaigh go dtí Iúil 2005. Chuir a fear céile imeachtaí idirscartha bhreithiúnaigh ar bun i

nDeireadh Fómhair na bliana sin. D'fhág an fear a raibh sí i gcaidreamh leis a bhean chéile féin freisin.

I rith na n-imeachtaí tosaigh d'ordaigh an breitheamh go n-íocfaí leath chothromas teach an teaghlaigh léi, is é sin €410,000. Níor íocadh aon chothabháil leis an bhean chéile i rith na tréimhse seo. Bhí sócmhainní eile ann, ina measc teach saoire san iardheisceart arbh fhiú €240,000 é. Chaithfí cáin a íoc air dá ndíolfáí é sna chéad dhá bhliain eile.

Bhí córas comhchoimeádta ar bun acu cheana maidir leis na leanaí, a chaith aonaid cúig lá agus dhá lá le gach duine den bheirt. Bhí deacrachtaí agus strus le haithint ar na socruithe seo agus bhí doicheall ar an iníon roimh a máthair. Dúirt an bhean chéile nach raibh sí féin agus a comhpháirtí ina gcónaí lena chéile mar gheall ar na deacrachtaí seo leis na leanaí ach go raibh síil aici go mbeadh faoi dheireadh.

Bhí 20.7 faoin gcéad de scaireanna ghnó an teaghlaigh i seilbh an fhir chéile. Bhí sé uair amháin i gcomhpháirtíocht maoinne (teach agus talamh) le deartháir leis ach scaoileadh an chomhpháirtíocht i 2004 agus díoladh an mhaoin ar fad leis an deartháir. Díoladh an athuair ó shin iad, ar bhrabús nár bheag. Scaoil an fear céile na morgáistí ar theach an teaghlaigh. Mar gheall ar ioncam an chíos a cailleadh, is é an toradh a bhí ar dhíol na sócmhainní seo gur chaill an fear céile leath an ioncaim a bhí aige, ar €120,000 a bhí ann i 2003.

Thóg an fear SSIA amach dá bhean chéile i 2004, bheadh sé seo aibí i 2007.

Ní raibh ach an Teastas Sóisearach agus cúpla scil ag an mbean chéile ach bhí sí tar éis tosú ar scéim 'fill ar an obair'.

Dúirt an bhean go raibh €750 in aghaidh na seachtaine ag teastáil chun an ioncam a

bhí aici, ar ó shochar leanaí a tháinig sé faoi láthair, a dhéanamh cothrom lena cuid eisíocaíochtaí, dá bhfágfadh sí an lóistín a bhí ar cíos aici le dul isteach sa teach a raibh rún aici a cheannach go háirithe leis an gcnapsuim a fuair sí mar chúiteamh ar an leas a bhí aici i dteach an teaghlaigh.

D'iarr an breitheamh faisnéis faoi chúinsí airgeadais chomhpháirtí nua na mná ach ní raibh sé seo le fáil toisc nach raibh an scaradh curtha i gcrích fós.

### An Rialú

Dúirt an Breitheamh O'Donohoe gur luigh ceist an iompair go trom ar a intinn. Dúirt sé gur thug an bhean chéile roinnt eolais faoin gcúlra a thug uirthi sonas a lorg in áit eile ach gur ghoill an chaoi a ndearna sí amhlaidh agus an chaimiléireacht a lean ar aghaidh ar feadh 18 mí go mór ar a fear céile.

Dúirt sé go ndeonódh sé cothabháil di, ach nach mbeadh sé seo gan téarma, ach go gcuirfí téarma 24 mí leis. Bheadh cothabháil ann le haghaidh na leanaí freisin agus

gheobhadh sí an SSIA nuair a bheadh sé aibí.

Dúirt sé go mbeadh ar an bhfear céile bheith beagáinín níos stuama faoin tionchar a bhí ag an adhaltranas ar an teaghlach agus gan na leanaí ná muintir a mhná céile a tharraingt isteach ann. Bheadh air glacadh leis go raibh deireadh leis an bpósadh, go raibh caidreamh cleamhnais nua ag a bhean agus go mbeadh ar na leanaí glacadh leis an scéal mar a bhí sé anois. Bheadh air bheith teann lena iníon maidir le glacadh le húdarás a máthar nuair a bheadh sí in éineacht léi.

Ag déanamh achoimre dó ar a chuid orduithe, d'ordaigh an Breitheamh O'Donohoe go roinnfí an teach saoire 50/50, agus go mbeadh sé seo le fáil ag an mbean chéile nuair nach mbeadh sé ligthe amach ar cíos. Ní fhéadfaí é a díol ach nuair nach mbeadh aon cháin le híoc air.

Gheobhadh an bhean chéile cothabháil €300 in aghaidh na seachtaine di féin ar feadh tréimhse dhá bhliain agus €200 in aghaidh na seachtaine le haghaidh na leanaí. Dhéanfaí athbhreithniú ar a gcothabháil i gceann dhá bliana.

Bheadh comhchoimeád na leanaí ag an lánúin, agus bheadh cead rochtana acu de réir an sceidil a leagadh amach cheana. Chaithfeadh gach duine acu féachaint chuige go raibh an caidreamh go maith idir na leanaí agus an tuismitheoir eile.

Dheonaigh sé ordú idirscartha bhreithiúnaigh ar an mbunús nach raibh an bheirt ina gcónaí le chéile le bliain anuas. Dhiúltaigh sé an t-iarratas tosaigh a rinne abhcóide an fhir chéile é a bhunú ar thréigeadh.



Anuraidh, dheonaigh Cúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath 1,126 colscaradh agus 309 idirscaradh breithiúnach i measc na 3,391 colscaradh agus 950 idirscaradh breithiúnach a deonaíodh sa Stát. Labhair **Emer Darcy**, bainisteoir na hoifige is gnóthaí sa Stát i gcúrsa dlí teaghlaigh, le **Carol Coulter** faoi chomhairle a thabhairt don phobal, teacht chun cinn an dlíthí thuata, agus an costas a bhaineann le leanaí

**T**á Emer Darcy, bainisteoir oifig Dlí Teaghlaigh Chuarda Bhaile Átha Cliath, freagrach as na hiarratais ar cholscaradh agus idirscaradh breithiúnach a phróiseáil. Bíonn an chúirt seo, a bhíonn ag plé le thart ar an tríú cuid de dhlí teaghlaigh iomlán an Stáit, ag déileáil freisin leosan ar mian leo go gcuirfí ordú reatha i bhfeidhm a bhaineann le cothabháil, mar shampla. Chuaigh na mílte iarratas den sórt sin trína lámha ach anois is féidir léi forbheathnú a thabhairt ar an gcaoi a n-oibríonn an dlí teaghlaigh i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliatha.

An chuid is mó den am bíonn daoine staidéarach go leor faoin bpósadh ar theip air agus faoina bhfuil le déanamh. “Bíonn siad ag iarraidh cúnaimh. Teastaíonn uathu bualadh ar aghaidh sa saol,” a dúirt sí.

Anuraidh, dheonaigh Cúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath 1,126 colscaradh agus 309 idirscaradh breithiúnach i measc na 3,391 colscaradh agus 950 idirscaradh breithiúnach a deonaíodh sa Stát. Mar sin tá níos mó ná a thrí oiread níos mó colscarthaí ann ná idirscarthaí breithiúnacha, agus ní bhíonn siad chomh conspóideach, is dócha toisc go mbíonn an chuid is mó de na ceisteanna conspóideacha socraithe faoin am a gcaitear an tréimhse reachtúil scartha ceithre bliana.

### ‘Ní thugaimid comhairle dlí’

Ar ndóigh, ní fhreastalaíonn go leor daoine ar oifig dlí theaghlaigh na cúirte iad féin ach is amhlaidh a théann dlíodóir ann thar a

# ‘Bíonn daoine sásta leanacht orthu sa saol

gceann. Ach bíonn níos mó díobh anois ann a bhíonn ag iarraidh déileáil leis an díospóid iad féin, i gcás colscartha ach go háirithe.

“Más féidir linn cabhrú le daoine leis an bpróiseas ar bhunús rialacha na Cúirte Cuarda, déanfaimid amhlaidh,” a dúirt Emer. “Ní thugaimid comhairle dlí. Molaimid do dhaoine comhairle dlí a fháil, go háirithe má tá leanaí nó maoin i gceist.”

Ach deir sí go bhfuil thart ar leath d’iarratais colscartha na Cúirte Cuarda bunaithe ar an toiliú. “Cuireann an bheirt pháirtithe litreacha toilithe ar fáil nó aontaíonn páirtí amháin ó bhéal sa chaoi is go dtugtar rialú mainneachtana.”

Ina theannta sin, sa deireadh socraítear níos mó ná leath na gcásanna atá curtha síos le haghaidh éisteachta, a dúirt sí. “Is minic a dhéantar colscaradh d’aontú coiteann. Bíonn i bhfad níos mó conspóide ann i gcás idirscaraidh bhreithiúnaigh.”

### Méadú ar dhlíthithe tuata

Deir Emer go bhfuil méadú mór tar éis teacht ar dlíthithe tuata le cúpla bliain anuas, b’fhéidir mar gheall ar na costais a bhaineann le hionadaíocht dhlíthiúil. “Cosnaíonn colscaradh le toiliú €6,000-€10,000. Tá comhlachtaí colscartha ‘déan féin’ a ghearrann táillí €600-€1,000. Is féidir linne an t-eolas a thabhairt saor in aisce.” Tá rialacha na Cúirte Cuarda ar shuíomh idirlín na Seirbhíse Cúirteanna.

De ghnáth bíonn idirscarthaí breithiúnacha níos casta ná colscarthaí agus molann foireann na hoifige do dhaoine i gcónaí comhairle dlí a fháil má bhíonn siad ag iarraidh páipéir idirscartha. Ach deir Emer freisin gur féidir le daoine aontú le chéile faoi idirscaradh ach cabhair idirghabhálaí a fháil agus rial chúirte a dhéanamh as an gcomhaontú ar thángthas air.



*Tá comhlachtaí colscartha ‘déan féin’ a ghearrann táillí €600-€1,000. Is féidir linne an t-eolas a thabhairt saor in aisce*

*Ní thugaimid comhairle dlí. Molaimid do dhaoine comhairle dlí a fháil, go háirithe má tá leanaí nó maoin i gceist*

*Bíonn droch-chásanna ann ina mbíonn fir nach dtuigeann cén fáth ar cheart dóibh aon rud a thabhairt. Ach bíonn a bhformhór níos mó ná sásta cabhrú le cothabháil na leanaí agus teach an teaghlaigh*

Cé go mbíonn go leor caint ann faoi chead rochtana do leanaí, dúirt sí gurbh annamh a dhiúltaigh breitheamh tuismitheoir faoi chead rochtana. “De ghnáth ní tharlaíonn sé ach tar éis don chúirt go leor machnaimh a dhéanamh agus go leor tuarascálacha dochtúra agus tuarascálacha ó oibríthe sóisialta a fháil. Chonaic mé fir freisin a throid go nimhneach le cead rochtana a fháil agus nár bhain aon leas as ina dhiaidh sin.”

#### ‘Cosnaíonn leanaí go leor airgid’

“Is le haghaidh na leanaí agus nach le haghaidh an chéile is mó a bhíonn na hiarratais chothabhála anseo. Bíonn droch-chásanna ann ina mbíonn fir nach dtuigeann cén fáth ar cheart dóibh aon rud a thabhairt. Ach bíonn a bhformhór níos mó ná sásta cabhrú le cothabháil na leanaí agus teach an teaghlaigh. Is fíor go gcosnaíonn leanaí go leor airgid! Bíonn leabhair agus éidí scoile ann, agus rí. Séard a fheicimid de ghnáth ná €60-€100 in aghaidh na seachtaine mar chothabháil don leanbh. Ní bhíonn ach ranníocaíocht do chúram leanaí á iarraidh ag go leor daoine.”

Uaireanta síníonn daoine toilithe a ndéantar rialacha cúirte astu ansin ach ina dhiaidh sin ní chloíonn siad leis na téarmaí. Bíonn tionchar aige seo ach go háirithe ar chothabháil, dar le Emer. Ansin filleann an páirtí eile ar an gCúirt Chuarda ag iarraidh go gcuirfí i bhfeidhm téarmaí an toilithe a ndearnadh riail chúirte astu.

Cé go bhfuil dlithe thar an ngnáth in Éirinn faoi mar ba cheart an pinsean a roinnt tar éis gur theip ar an bpósadh, ní minic a bhaintear leas astu, a dúirt Emer. “Ní fadhb é an pinsean ach i gcás seandaoine, cé gur cheart do gach duine é a chur san áireamh i gcomhthéacs pósta bhriste. Ní mórán a bhíonn ag iarraidh orduithe coigeartuithe pinsean,” a dúirt sí.

#### Athrú ar an tsochaí le feiceáil sna cúirteanna

“Ach bíonn breithimh ag iarraidh beagnach i dtólamh go dtuigfeadh na daoine a seasamh maidir le pinsin. Ní chiallaíonn sé sin go bhfaighidh an iar-bhean-chéile leath an

phinsin nó aon rud mar sin. Leagann an chuid is mó de na horduithe pinsin síos go gcoiméadfaidh an bheirt pháirtithe a bpinsin féin, agus uaireanta déantar soláthar speisialta do na leanaí.”

Creideann sí go bhfuil na hathruithe atá tar éis teacht ar an saol in Éirinn le déanaí le feiceáil sna cúirteanna teaghlaigh. Tá méadú tagtha ar líon na ndaoine a bhíonn ag iarraidh go n-aithneofaí colscaradh a fuarthas thar lear. Tá méadú tagtha freisin ar na hiarratais go n-aithneofaí pósadh a ceiliúradh thar lear, póstaí traidisiúnta Afracacha ach go háirithe. Bíonn níos mó fear as an Afraic ag déanamh achomhairc i gcoinne orduithe foréigin teaghlaigh a deonaíodh dá gcomhpháirtithe sa Chúirt Dúiche. Agus uaireanta tógann “uncailí” cailíní óga Romaigh isteach agus iad ag iarraidh go gcuirfí ar ceal an fógra pósta trí mhí nó riail na n-ocht mbliana déag.

An chuid is mó de na cásanna a éistear, is lú ná dhá uair an chloig a chaitear á n-éisteacht ach bíonn cuid acu ag dul ar aghaidh ar feadh dhá lá nó níos mó. Ciallaíonn an méadú ar dlíthithe tuata go bhféadfadh cásanna maireachtáil níos faide ós rud é go mbíonn ar an mbreitheamh ceisteanna mar orduithe coigeartuithe pinsean a mhíniú, a dúirt sí.

Cé go dtéann an chuid is mó de na cásanna ar aghaidh gan aon deacracht agus go bhféadfadh cuid acu gan ach cúpla lá a thógáil ó cuireadh an t-iarratas tosaigh isteach (mar shampla, tá tinneas trom ar pháirtí amháin agus is mian leis an colscaradh a chur i gcrích le go bpósfadh sé duine eile), troidtear cuid acu go nimhneach. Is féidir é seo a fheiceáil ar na hiarratais iomadúla ar fhollasú, ar leasuithe ar orduithe rochtana agus cothabhála, nó ar na hiarratais go gcuirfí orduithe den sórt i bhfeidhm, le linn don chás leanacht ar aghaidh ar feadh na mblianta uaireanta.

Ag tagairt di don mhaolú ar an riail *in camera*, dúirt sí gur chreid sí go gcuideadh sé leis na daoine an scéal a thuiscint níos cruinne, mar bheadh an tuiscint bunaithe ar na fíricí. “Má thuairiscítear gurb iad ná cásanna ar bheagán conspóid na cásanna is gnáthaí, seans nach mbeidh an faitíos céanna ag daoine roimh an dlí teaghlaigh, agus go dtuigfidh nach é an rud scanrúil é a shamhlaigh siad. Ní scéal scéil atá i gceist ach an chaoi ba cheart tabhairt faoin todhchaí.”

*Chonaic mé fir freisin a throid go nimhneach le cead rochtana fháil agus nár bhain aon leas as ina dhiaidh sin.*

# Labhraímis faoi

Breathnaíonn **Pat Meghen**, Cláráitheoir Contae Luimnigh, ar na buntáistí a bhaineann le comhdhálu cásanna

**N**uair a theipeann ar phósadh is coitianta go mbíonn díospóidí ann idir na páirtithe faoi thromcheisteanna mar choimeád agus cead rochtana ar leanaí na beirte, úinéireacht agus seilbh maoine lena n-áirítear teach an teaghlaigh, cothabháil agus ceisteanna airgeadais eile agus comharbas. Tagann na ceisteanna seo roimh an gCúirt Chuarda i gcónaí in imeachtaí a bhaineann le hidirscaradh breithiúnach nó colscaradh. Cuireann na cúirteanna córas sáraíochta ar fáil inar gnách go mbíonn aturnaetha agus ag gníomhú thar ceann na beirte agus ag cur a gcásanna i láthair. Tugann an breitheamh cuarda an breithiúnas. Is beag deis má bhíonn deis ar bith ag na páirtithe lena linn seo labhairt faoi na ceisteanna atá ag déanamh buartha dóibh ná iarracht a dhéanamh teacht ar réiteach a mbeadh an bheirt acu sásta glacadh leis. Ní cuid iontais é seo má thuigtear an t-anró agus an crá croí a bhíonn i gceist agus an drochiontaoibh is minic a bhíonn acu as a chéile i gcásanna áirithe.

## Cad iad na roghanna?

Tá bealaí eile le haghaidh le díospóidí a réiteach ach tá míbhuntáistí ag baint leosan freisin. Mar shampla, má theipeann ar an agallamh agus má chaitear dul os comhair na cúirte, tarraingíonn na dlíodóirí siar ó na cásanna seo. Mar sin caithfeadh dlíodóirí nua a áirithiú, beidh costais eile ann agus cuirfeadh am eile amú. Míbhuntáiste eile a bhaineann leis ná nach mór imeachtaí cúirte a chur ar bun. Is éard atá i gcomhdhálu cásanna ná nós imeachta chun déileáil leis na fadhbanna seo. Is éard atá sa chomhdháil cúise ná cruinniú a réachtáil an cláráitheoir contae, d'aontú coiteann le haturnaetha an dá thaobh, a thagann le chéile tar éis do na himeachtaí

cúirte a bheith tionscanta. Is é an cuspóir atá leis na ceisteanna a chuirfeadh chun trialach a chúngú nó réiteach idir na páirtithe a fháil ar chuid díobh nó orthu ar fad. Is oifigeach dlí é an cláráitheoir contae ar féidir leis orduithe cúirte a dhéanamh, mar shampla orduithe faoi na huaireanta nach mór cáipéisí a chomhadú nó maoin a scrúdú, nó orduithe eatramhacha faoi chothabháil agus cead rochtana, orduithe follasaithe agus rí. Déantar nótaí de na horduithe ar fad agus is é an stádas céanna atá acu agus dá ndéanfadh an breitheamh cuarda iad. Tá an cláráitheoir contae freagrach freisin as cásanna a liostú sa Chúirt Chuarda. Cuirfeadh na cásanna ar déileáladh leo de réir nós seo an chomhdhálu cúise, agus atá socraithe nó a bhfuil pointí iontu fós le cur chun trialach, ar aghaidh ar a luaithe chuig an mbreitheamh le go n-éistfeadh iad nó le go ndéanfar aon ordú dlí a bheadh riachtanach.

## Gnáthamh trialach

Shocraigh mé ar thriail a bhaint as an nós imeachta seo i Luimneach mar thuig aturnaetha na áite go bhféadfadh rath a bheith air. Cuireadh fáilte roimhe, bhíothas sásta leis, bhí na torthaí thar a bheith go maith agus bhain na páirtithe tairbhe as ar gach taobh. Tá inniúlachtaí áirithe agam freisin a fuair mé sna blianta roimhe seo nuair a bhí mé i mo leas-stiúrthóir ar na Samáirigh i Luimneach, i mo chróinéir in iarthar Luimnigh agus i mo chomhalta d'Institiúid na nEadránaithe. Is féidir le daoine a bhfuil teipthe ar a bpósadh an-leas a bhaint as an gcomhdhálu cúise. Tá sé deonach. Tar éis d'imeachtaí a bheith tionscanta, tá deis ag na daoine dul i gcomhráit lena chéile go luath luaithe agus b'fhéidir teacht ar réiteach inmharthana. Is féidir leis an gcláráitheoir contae orduithe a dhéanamh. Áit a bhfuil dul chun cinn déanta, is féidir cásanna a chur ar a luaithe ar liosta an bhreithimh le haghaidh rialaithe/éisteachta agus rachaidh sé seo i dtairbhe don bheirt pháirtithe.



# Ainmneacha a choimeád faoi rún: dréachtphrótacal do thuairisceoireacht sa dlí teaghlaigh

le Carol Coulter

**T**hángthas ar chomhaontú leathan le linn na díospóireachta faoin riail *in camera* a athrú in imeachtaí dlí theaghlaigh nár cheart go bhféadfaí na páirtithe ná na leanaí a bhí i gceist iontu a aithint de bharr aon athrú a dhéanfaí. Tá sé seo le feiceáil ar an reachtaíocht, cé nach leagtar síos go cruinn cé mar ba cheart an cuspóir a bhaint amach. Ní raibh an tSeirbhís Chúirteanna róchruinn ach an oiread faoi cé mar ba cheart an riachtanas seo a chomhlíonadh nuair a chuir sí an tionscadal trialach ar bun.

Ar bhonn na taithí atá agam ar chásanna dlí theaghlaigh na hArd-Chúirte a athscríobh don Irish Times, agus ar thuairiscí a scríobh ar chásanna éignithe agus ionsaithe míghéanasa, dhréachtaigh mé roinnt pointí mar threoir don tionscadal agus chuir mé i bhfocail iad sa dréachtphrótacal thíos. Is féidir iad a leasú de réir na taithí a gheofar. Ormsa féin agus ar aon tuairisceoir eile atá ag obair liom ar an tionscadal trialach atá siad ceaptha a bheith oibleagáideach.

## Prótacal

Is é príomhchuspóir an Treoirhionscadail Tuaraiscithe Dlí Teaghlaigh ná “foilsíú tuairisce ar imeachtaí” sa dlí teaghlaigh agus “foilsíú bhreithiúnas na cúirte in imeachtaí den sórt”, de bhun riachtanais Alt 40(3) den Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna 2004. Leagann an t-alt sin síos freisin, “ar choinníoll nach bhfuil aon fhaisnéis sa tuairisc ná sa bhreithiúnas a chuirfeadh ar chumas daoine na páirtithe sna himeachtaí nó aon leanbh lena mbaineann na himeachtaí a aithint”. Chun tuairiscí den sórt sin a réiteach, tugann an reachtaíocht cead don tuairisceoir freastal ar na himeachtaí mura dtreoraíonn an chúirt a mhalairt “mar gheall ar chúinsí

speisialta an ábhair, ar chúiseanna a shonrófar sa treorú”. D’fhostaigh an tSeirbhís Chúirteanna Dr Carol Coulter chun an tionscadal trialach seo a stiúradh.

Tá na treoirlínte dréachtúla seo a leanas beartaithe chun an cuspóir seo a chomhlíonadh, agus tá siad ceaptha a bheith oibleagáideach ar Dr Coulter í féin agus ar aon tuairisceoir eile atá fostaithe ar an tionscadal seo ag an tSeirbhís Chúirteanna. Níl sna treoirlínte seo ach réamh-threoirlínte, agus is féidir iad a athrú de réir na taithí a gheofar, ach cuireann siad imlíne ginearálta ar fáil ar an gcruith a bheidh ar thuairiscí den sórt.

## Treoirlínte

- 1 Foilseoidh an tSeirbhís Chúirteanna na tuairiscí ar an gcéad dul síos i bhfoirm phriontáilte nó leictreonach a chuirfear ar fáil don phobal trí na meáin chumarsáide, agus trí shuíomh idirlín na Seirbhíse Cúirteanna, agus trí fhoilseacháin ghairmiúla chuí. Tabharfaidh an tSeirbhís Chúirteanna cead altanna agus tuairiscí an fhoilseachán seo a athfhoilsiú agus a chraobhscaoileadh níos faide ar na coinníollacha a leagfaidh an tSeirbhís Chúirteanna síos maidir le haithint na foinse agus faoi réir na srianta a d’fhéadfadh sí a shonrú maidir leis an atheagarthóireacht
- 2 Féachfaidh an tuairisceoir chuige nach mbeidh aon fhaisnéis sna tuairiscí a chuirfeadh ar chumas daoine aon pháirtí sna himeachtaí a aithint ná aon leanbh atá bainteach leis na himeachtaí. Glacfar leis na bearta seo a leanas le neamhainmníocht na bpáirtithe a chinntiú:

- (i) Ní bhainfear leas as céadlitreacha ainmneacha na bpáirtithe leis an gcás a aithint do na cúirteanna iad féin, dá bhfoireann agus dá gcleachtóirí. Ba cheart go dtagródh na tuairiscí ina áit sin do “bean chéile (nó fear céile) an iarratasóra” ag an gcéad tagairt agus mar “an bhean chéile” ina dhiaidh sin mar shampla, agus “fear céile (nó bean chéile) an fhreagraí” agus mar “an fear céile” dá éis. Sa chás gur tuismitheoirí neamhphósta leanaí a bhaineann le hábhar, ba chóir go dtagrófaí dóibh mar “an t-athair” agus “an mháthair”. Is follasach nár cheart go n-ainmneofaí leanaí, cé go mb’fhéidir go gcaithfí ainmneacha nó céadlitreacha ficseanúla (agus é luaite gur ainmneacha ficseanúla iad) a úsáid le ceann a idirdhealú óna chéile.
- (ii) Tabharfar aitheantóir do na cásanna a thuairiscítear nach n-áireofar leis céadlitreacha ainmneacha na bpáirtithe lena mbaineann;
- (iii) Ní bheidh aon tagairt don chathair ná don bhaile ina gcónaíonn na páirtithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus Corcaigh, mar a bhfuil toirt mhór an dlí teaghlaigh agus na cúirteanna ina suí go buan nach mór. Ba chóir go n-úsáidfí téarmaí ginearálta ar nós “cathair chúigeach” nó “baile” ina ionad sin. Ní aithneofar breithiúna na gCúirteanna Dúiche agus Cuarda mar a dtiocfadh aithint na bpáirtithe as;
- (iv) Cuirfear síos ar mhaoín i dtéarmaí ginearálta, mar shampla, “feirm mhór” seachas “feirm x acra”, nó “gnó méanmhéide” seachas “siopa éadaí”. I roinnt cásanna lena mbaineann acmhainní fairsinge, ámh, féadann comhroinnt na n-acmhainní sin freagairt do chuid mhór den bhreithiúnas, agus bheith ina díol suntas dó, agus ba chóir go dtuairiscfí é dá réir;
- (v) Ní bheidh aon tagairt shainiúil do cheird nó gairm duine éigin mura ábhartha é do na himeachtaí;
- (vi) Ní aithneofar scoil an linbh. Mar a mbaineann sé le hábhar go bhfuil siad ag freastal ar scoil a n-íoctar táille léi, ba leor gan tagairt ach amháin do “scoil a n-íoctar táillí léi”, nó “scoil chónaithe thar lear”.
- (vii) Taispeánfar íogaireacht faoi leith nuair a bhítear ag plé le tuairiscí siceolaíochta agus leasa um leanaí. Is amhlaidh arís a d’fhéadfadh imthosca bheith ann inar cheart go luafaí mionsonraí mí-úsáide corpartha agus gnéasaí óir go mbeidís ábhartha i gcomhthéacs aighneas caomhnóireachta agus rochtana, agus a bheadh ina gcodanna suntasacha den bhreithiúnas. Feictear taitní úsáideach anseo leis an geleachtas um thuairiscíú éigniú agus cásanna mí-úsáide gnéasaí ag na meáin freagracha.
- 3 Níor cheart go mbeadh cúrsaí a phléitear go hoscailte mar chuid den tuairisc mura n-osclaítear san fhianaise iad, agus/nó tionchar bheith acu ar thoradh an cháis.
- 4 Feidhmeofar na treoirlínte um chaomhnú neamhainmníochta a liostaítear faoi alt 2 thuas d’ábhair aon phléadála nó cáipéis a chomhdaítear nó a sholáthraítear don chúirt sa chás lena mbaineann, agus chuig aon ordú a dhéantar ansin (lena n-áirítear ábhair aon socrú a rialaíonn an chúirt, nó a sholáthraítear don chúirt chun aon chríche eile).



An tSeirbhís Chúirteanna,  
Teach an Fhionn Uisce,  
15/24 Sráid an Fhionn Uisce Thuaidh,  
Margadh na Feirme,  
Baile Átha Cliath 7.  
[www.courts.ie](http://www.courts.ie)